athbhreithniú Chill Dara

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

Chomhairle Chontae Chill Dara

Don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2005

Réamhrá

Tugann an tuarascáil seo achoimre ar imeachtaí i mbliain ghnóthach – bliain ina raibh an contae ag forbairt go leanúnach chun freastal ar fhás sa daonra, ar athruithe sa tsochaí agus ar ghnéithe nua sa tírdhreach.

Bhrostaigh suíomh Chill Dara, atá gar do Bhaile Átha Cliath agus a bhfuil teacht éasca air ó Bhaile Átha Cliath, na hathruithe a tharla leis an méadú ar an saibhreas náisiúnta. Tugann sin dúshláin agus deiseanna do shaoránaigh agus do rialtas áitiúil. Táimid sásta a bheith ábalta a thuairisciú go ndearna an chomhairle a cuid, ag soláthar seirbhísí riachtanacha mar soláthairtí uisce, diúscairt dramhaíola, tithíocht agus bonneagar eile, chomh maith le tacacíocht d'eagraíochtaí pobail agus grúpaí riachtanas speisialta. Tá na seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthraíonn an chomhairle contae mar thoradh ar chur chuige comhpháirtíochta a bhraitheann ar chomhoibriú idir comhairleoirí, foireann agus saoránaigh le bheith éifeachtach.

Tá an chomhairle freagrach as cruth a chur ar fhás an chontae freisin; agus tar éis phróiseas comhchomhaire dhá bhliain, glacadh le plean forbartha contae nua don tréimhse 2005-2111. Chruthaigh leithne agus sonraíocht na comhchomhairle agus na díospóireachta a tharla sular glacadh leis an bplean forbartha fasach nua do chomhoibriú idir saoránaigh agus a n-údarás áitiúil, agus cuirtear fáilte mhór roimh an bhforbairt sin.

Mar shochaí táimid fós ag iarraidh dul i ngleic le bainistiú dramhaíola. Tá feasacht phoiblí sa réimse seo á spreagadh ag an gcomhairle contae, agus chomh maith le bhruscair tí a bhailiú, oibríonn sí ionaid thabhartha d'ábhar inathchúrsáilte. Mar sin féin, ní mór do gach duine níos mó a dhéanamh: éileoidh úsáid rabairneach acmhainní an domhain praghas mór ar an gcéad ghlúin eile.

Gabhaimid buíochas le muintir an chontae go léir as a dtacaíocht agus a gcomhoibriú leanúnach.

Fionnuala Dukes

Niall Bradley

Méara Bainisteoir Contae

Comhaltas Chomhairle Chontae Chill Dara

Tá 25 comhalta ar Chomhairle Chontae Chill Dara a dheánann ionadaíocht ar 6 toghcheantair – Baile Átha Í, Cill Droichid, Claonadh, Cill Dara, Léim an Bhradáin agus an Nás.

Ainm: An Comhairleoir Rainsford Hendy
Toghcheantar: Baile Átha Í
Páirtí Polaitíochta: Fine Gael
Sonraí Teagmhála: 059-8624155

Ainm: An Comhairleoir Martin Miley Jnr
Toghcheantar: Baile Átha Í
Páirtí Polaitíochta: Fianna Fáil
Sonraí Teagmhála: 087 - 3998478

Ainm: An Comhairleoir Mark Dalton
Toghcheantar: Baile Átha Í
Páirtí Polaitíochta: Fianna Fáil
Sonraí Teagmhála: 059-8638601

Ainm: An Comhairleoir Geraldine Conway
Toghcheantar: Cill Droichid
Páirtí Polaitíochta: Fianna Fáil
Sonraí Teagmhála: 086-8032538

Ainm: An Comhairleoir Katie Ridge
Toghcheantar: Cill Droichid
Páirtí Polaitíochta: Fine Gael
Sonraí Teagmhála: 01-6303983

Ainm: An Comhairleoir Kevin Byrne
Toghcheantar: Cill Droichid
Páirtí Polaitíochta: An Lucht Oibre
Sonraí Teagmhála: 01-6273524

Ainm: An Comhairleoir Michael Fitzpatrick
Toghcheantar: Claonadh
Páirtí Polaitíochta: Fianna Fáil
Sonraí Teagmhála: 045-860286

Ainm: An Comhairleoir Liam Doyle
Toghcheantar: Claonadh
Páirtí Polaitíochta: Fianna Fáil
Sonraí Teagmhála: 01-6287629

Ainm: An Comhairleoir Brendan Weld
Toghcheantar: Claonadh
Páirtí Polaitíochta: Fine Gael
Sonraí Teagmhála: 045-869340

Ainm: An Comhairleoir Tony McEvoy
Toghcheantar: Claonadh
Páirtí Polaitíochta: Neamh-Pháirtí
Sonraí Teagmhála: 045-868474

Ainm: An Comhairleoir Pat Black
Toghcheantar: Cill Dara
Páirtí Polaitíochta: Fianna Fáil
Sonraí Teagmhála: 045-433039

Ainm: An Comhairleoir Francis Browne
Toghcheantar: Cill Dara
Páirtí Polaitíochta: An Lucht Oibre
Sonraí Teagmhála: 045-526934

Ainm: An Comhairleoir Fiona O'Loughlin
Toghcheantar: Cill Dara
Páirtí Polaitíochta: Fianna Fáil
Sonraí Teagmhála: 045-436792

Ainm: Leas-Mhéara Fionnuala Dukes
Toghcheantar: Cill Dara
Páirtí Polaitíochta: Fine Gael
Sonraí Teagmhála: 045-521912

Ainm: An Comhairleoir Suzanne Doyle
Toghcheantar: Cill Dara
Páirtí Polaitíochta: Fianna Fáil
Sonraí Teagmhála: 045-521046

Ainm: An Comhairleoir Michael "Spike" Nolan
Toghcheantar: Cill Dara
Páirtí Polaitíochta: Fine Gael
Sonraí Teagmhála: 045-431346

Ainm: An Comhairleoir Gerry McDonagh
Toghcheantar: Léim an Bhradáin
Páirtí Polaitíochta: Neamh-Pháirtí
Sonraí Teagmhála: 087 6782207

Ainm: Méara John McGinley
Toghcheantar: Léim an Bhradáin
Páirtí Polaitíochta: An Lucht Oibre
Sonraí Teagmhála: 01-6285293

Ainm: An Comhairleoir Senan Griffin
Toghcheantar: Léim an Bhradáin
Páirtí Polaitíochta: Fine Gael
Sonraí Teagmhála: 01-6285177

Ainm: An Comhairleoir Paul Kelly
Toghcheantar: Léim an Bhradáin
Páirtí Polaitíochta: Fianna Fáil
Sonraí Teagmhála: 01-6243624

Ainm: An Comhairleoir JJ Power
Toghcheantar: An Nás
Páirtí Polaitíochta: An Páirtí Glas
Sonraí Teagmhála: 045-866888

Ainm: An Comhairleoir Mary Glennon
Toghcheantar: Naas
Páirtí Polaitíochta: Independent
Sonraí Teagmhála: 045-871186

Ainm: An Comhairleoir Paddy MacNamara
Toghcheantar: An Nás
Páirtí Polaitíochta: An Lucht Oibre
Sonraí Teagmhála: 045-896590

Ainm: An Comhairleoir Billy Hillis
Toghcheantar: An Nás
Páirtí Polaitíochta: Fine Gael
Sonraí Teagmhála: 045-483605

Ainm: An Comhairleoir Willie Callaghan
Toghcheantar: An Nás
Páirtí Polaitíochta: Fianna Fáil
Sonraí Teagmhála: 045 875565

An Fhoireann Bhainistiú Corparáideach

An tUas. Niall Bradley

Bainisteoir Contae

An tUas. Eamonn O'Sullivan

Ceann Airgeadais

An tUas. John Lahart

Stiúrthóir Pleanála

Ann Rowan Uasal

Ceann Acmhainní Daonna

An tUas. Des Page

Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha Cultúir/ Comhshaol

An tUas. **Bernard Higgins**

Ceann ICT

An tUas. Joe Boland

Stiúrthóir Iompair/ Sláinte agus Sábháilteacht an Phobail

An tUas. **Brian Swan**

Ailtire Sinsearach

An tUas. Peter Minnock

Stiúrthóir Tithíochta agus Seirbhísí Uisce

An tUas. Tommy Skehan

Stiúrthóir Pobail agus Fiontair/ Pleanáil ar Aghaidh

Bailte, Foirgnimh agus an Tuath

Ag Ullmhú d'Fhorbairt

Leanadh, i rith na bliana, le feidhmiú pholasaithe agus cuspóirí Phlean Forbartha an Chontae 2005-2011, tar éis glacadh leis i 2005. Ullmhófar Tuarascáil Bainisteora reachtúil faoin dul chun cinn a baineadh amach maidir le feidhmiú an Phlean agus cuirfear í faoi bhráid na gComhaltaí i 2007. Ar an tslí chéanna, ullmhófar Tuarascáil Bainisteora faoi Phlean Forbartha Chomhairle Bhaile an Náis do Chomhaltaí Chomhairle Bhaile an Náis i 2007.

Lean an dul chun cinn ar aghaidh maidir le hullmhú agus glacadh le pleananna ceantair áitiúla do bhailte agus do shráidbhailte sa chontae. Beidh roinnt pleananna ceantair áitiúla dlite le hathbhreithniú i rith 2007 agus 2008. Tá tús curtha le réamhobair ar ullumhú roinnt de na pleananna sin. Ina theannta sin, tá tús curtha le réamhobair ar ullmhú na bpleananna ceantar áitiúil arna n-aithint i bPlean Forbartha an Chontae, i.e. Baile an Mhuilinn agus Two-Mile-House. Tá roinnt pleananna níos sine á n-athbhreithniú chomh maith, lena n-áirítear Áth Garbháin agus An Baile Mór. Tá gach plean áitiúil leagtha amach i gcomhthéacs pholasaí pleanála áitiúil náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, lena n-áirítear Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus Plean Forbartha an Chontae 2005-2011. Cloítear sa phróiseas le riachtanais reachtúla na Rialachán Measúnachta Straitéisigh Timpeallachta 2004 chomh maith.

B'ionann ullmhú Phlean Forbartha Bhaile Átha Í i 2005 agus céim mhór ar aghaidh maidir le pleanáil agus forbairt Bhaile Átha Í agus le forbairt fhoriomlán ar Chontae Chill Dara ina iomláine. Leagann an Plean amach an straitéis forbartha ginearálta d'fhorbairt an bhaile amach anseo sa tréimhse 2006-2012.

Leanadh ar aghaidh le hobair ar ullmhú Pleananna Gnímh Ceantair do:
Ascaill Carton, Má Nuad
Suíomh Mhuileann Ráth Iomgháin
Lár Bhaile an Droichid Nua
Lár Bhaile Chill Dara
Craddockstown, an Nás
Domhnach Coimir, Cill Droichid

Samhlaítear go gcuirfear críoch leis na Pleananna Gnímh Ceantair sin i 2006/2007.

Tá tús curtha freisin le roinnt tionscadal a d'eascair as tiomantais sna Pleananna Forbartha, lena n-áirítear:
Staidéir Féideartha Mayfield Cherryville
Máistirphlean don Cheathrú Iarthuaiscirt, An Nás
Ceantar Caomhantais Ailtireachta, An Nás agus Baile Átha Í
Staidéar Miondíola Bhaile Átha Í

Iarratais Phleanála

Fuarthas 3,094 iarratas pleanála san iomlán i rith 2005. Measadh 560 díobh sin a bheith neamhbhailí agus cuireadh ar ais chuig na hiarratasóirí iad, rud a d'fhág 2,534 iarratas bailí san iomlán ann. D'eisigh an tÚdarás Pleanála 1,776 cinneadh chun cead a thabhairt agus 503 cinneadh chun cead a dhiúltú. Rinneadh 172 achomharc chuig an mBord Pleanála.

Cruinnithe Réamhphleanála

Tionóladh cúig "chlinic" comhchomhairle réamhphleanála i rith 2005 i bhFiodh Alúine, An Baile Mór, An Nás, Cill Choca, agus Baile Átha Í. Chuir na clinicí comhairle ar fáil maidir le tithe aonair i suímh thuaithe ar fud an chontae agus d'fhreastail 320 iarratasóir ionchais ar chead pleanála orthu. Leanadh le cruinnithe comhchomhairle intí i rith na bliana do mhórfhorbairtí cónaitheacha agus tráchtála.

Forfheidhmiú Pleanála agus Ionchúisimh

Fuarthas 423 gearán faoi fhorbairt neamhúdaraithe i 2005. Eisíodh 157 litir rabhaidh chuig forbróirí. Seirbheáladh 110 fógra forfheidhmithe ar fhorbairtí neamhúdaraithe. Thionscain an tÚdarás Pleanála imeachtaí dlíthiúla i 43 cás. 8 an líon cásanna a éistíodh sa chúirt i 2005 agus d'éirigh leis an Údarás Pleanála i ngach ceann de na cásanna sin.

An Scéim do Ranníocaíocht Forbartha

Ghlac an chomhairle leis an scéim seo i mí Feabhra 2004. Is é an cuspóir atá aici a aithint go soiléir an tslí ina dtobhaítear ranníocaíochtaí forbartha agus an tslí ina gcaitear na suimeanna a bhailítear. Tá liosta tionscadal á chur le chéile ionas go mbeidh an chomhairle ábalta airgead a bhailítear a shannadh ar shlí straitéiseach.

An Clár Athnuachana Uirbeach agus Sráidbhailte

Clúdaíonn an Clár Athnuachana Uirbeach agus Sráidbhailte reatha an tréimhse 2000–2006. Fuarthas deontais arbh fhiú €602,823.94 iad ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus cuireadh iad sin i bhfeidhm maidir le tionscadail i gCill Dara, Baile Átha Í, na Solláin, Castlemitchell, Díseart Diarmada agus Cill Chuillin. Is riachtanas den scéim sin go ndéanfaí 8% den chaiteachas foriomlán a mhaoiniú go háitiúil.

Cáilíonn seacht mbaile sa chontae do dhreasachtaí cánach faoi na Scéimeanna Athnuachana Uirbeacha agus Bailte. Is iad na bailte a cháilíonn ná Baile Átha Í, Cill Dara, Díseart Diarmada, Cill Choca, Cill Chuillin, Mainistir Eimhín agus Ráth Iomgháin. Bhí riachtanas sa Scéim Athnuachana Uirbeach (Baile Átha Í agus Cill Dara) go mbeadh deimhniú ón údarás áitiúil faighte ag úinéirí/forbróirí láithreán ainmnithe gur tabhaíodh ar a laghad 15% den chaiteachas iomlán an 30 Meitheamh 2003 nó roimhe. Chinntigh an tAire Airgeadais sa Bhuiséad i 2003 go síneofar na Scéimeanna Athnuachana Uirbeacha agus Bailte go dtí 31 Iúil 2006. Moltar d'fhorbróirí ionchais agus d'úinéirí maoine teagmháil a dhéanamh le Roinn Pleanála na comhairle chun eolas a fháil faoi na scéimeanna sin.

Feabhsúcháin Sráidbhaile

Bhain dhá shráidbhaile, Baile na mBreathnach agus Coill Dubh, tairbhe as cúnamh deontais d'oibreacha feabhsúcháin faoin scéim seo i 2005. D'ullmhaigh CAAS staidéir ar dhá shráidbhaile dhéag ar fud an chontae mar seo a leanas:
Cill Daingin, An Fhorrach Mhór, Cill Maodhóg, An Baile Nua, Ardclough, Cairbre
Baile na mBreathnach, Coill Dubh, Cathrach, An Ráth Mhór, Fiodh Alúine, An Urnaí.

Tá rannpháirtíocht pobal áitiúil ríthábhachtach chun an leas is mó is féidir a bhaint as na dreasachtaí sin. Sa chomhthéacs thuasluaite cuireadh €127,000 san áireamh sa Bhuiséad lena chur ar chumas na Comhairle obair áirithe a dhéanamh a aithníodh a bhí go mór chun tairbhe an phobail. Tabharfar airgeadas nach gcaitear in aon bhliain airgeadais faoi leith ar aghaidh agus cuirfear é le ciste do bhlianta amach anseo. Braitheann leithdháileadh maoinithe faoin Scéim seo ar phobail ag aithint oibreacha atá le déanamh ag teacht le moltaí atá sna Pleananna Feabhsúcháin Sráidbhaile. Cuirfidh an fhoráil sin ar chumas comhaltaí bearta sonracha a dhéanamh, má mheastar gur gá iad, chun iarrachtaí pobail áitiúil a bhrú chun cinn agus tacú leo, sna pobail agus sna lonnaíochtaí beaga sa chontae. Is féidir tairbhe mhór a bhaint as maoiniú a úsáid chun na críche sin.

Éadain Siopa Tarraingteacha

Tá an chomhairle ag cur deontais ar fáil d'fheabhsúchán éadan siopa ó 1995. Is féidir leis sin cur le sráid-dreacha agus tairiscíonn cabhair phraiticiúil maidir le bailte agus sráidbhailte a athnuachan. Cuireadh an scéim deontais ar fáil arís i 2005, ach ní raibh an oiread sin suime ag an bpobal inti, mar a bhí i roinnt blianta roimhe seo.

Caomhnú Ailtireachta

Bhain formhór na hoibre a rinneadh i gCaomhnú Ailtireachta le hábhar ó Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta a chur leis an Taifead beo ar Dhéanmhais Chostanta don chontae, an Nás agus Baile Átha Í san áireamh, agus le Limistéir Chaomhantais Ailtireachta a bhunú tríd an bpróiseas athbhreithnithe ar an bPlean Forbartha. Lean an obair sin ar aghaidh i 2005. Déanann Oifigeach Caomhantais Ailtireachta na comhairle comhordú teicniúil ar Scéim Deontas Caomhantais bliantúil agus soláthraíonn tuarascálacha leanúnacha don Roinn Pleanála, agus do ranna eile, ar Dhearbhuithe (Alt 5 agus Alt 57 Forbairt Dhíolmhaithe den Acht um Pleanáil & Forbairt 2000 go dtí 2002), cruinnithe réamhphleanála, iarratais phleanála reatha, pleananna limistéar áitiúil, formhuiniú, comhlíonadh, Cuid 8 agus Cuid 10 den Acht um Pleanáil & Forbairt 2000 go dtí 2002, an Plean Oidhreachta agus Séadchomharthaí (RMP, SMR, NMAC).

Forbairt a Rialú

Tá dul chun cinn suntasach déanta i réimse na n-eastát tithíochta a thógáil i gcúram. Tógadh ceithre eastát i gcúram i 2005 agus bhí 17 eastát eile ag na céimeanna deiridh den phróiseas thógáil i gcúram. Cuireadh tús le 37 forbairt chónaitheach nua san iomlán i 2005. Faoi dheireadh na bliana bhí 300 eastát, idir ghníomhach agus chríochnaithe, faoi mhonatóireacht na Roinne Rialaithe Forbartha.

Foirgníocht a Rialú

Fuarthas 1,096 fógra tosach feidhme faoi dlí um rialú foirgníochta. Measadh 77 díobh sin a bheith neamhbhailí. Fuarthas 466 iarratas ar Dheimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán i rith na bliana.

Déan Teagmháil le Pleanáil

Áras Chill Dara, Páirc Devoy, an Nás,
Co Chill Dara
Teil.: 045-980840 Faics.: 045-980834
Ríomhphost: plandept@kildarecoco.ie

Bainistiú Dramhaíola

Ullmhaíodh Plean Bhainistiú Dramhaíola do Chomhairle Chontae Chill Dara agus soláthar a dhéanamh don tréimhse 2005-2010 de réir an Achta um Bainistiú Dramhaíola 1996.

Diúscairt

Cuireadh bailiúchán bruscair seachtainiúil ar fáil i rith 2005 do thuairim is 25,000 líon tí, gach ceann acu a tháirg meánráta de 1¼ tonna dramhaíola gach bliain – nó 64,000 tonna (lena n-áirítear oibritheoirí príobháideacha) ó na tithe go léir sa chontae.

Tá níos mó agus níos mó daoine a bhfuil a ndramhaíl tí á athchúrsáil agus á múiríniú acu agus treisíodh an treocht sin le tabhairt isteach muirir bruscair íoc de réir úsáide. Leathnaíodh soláthar na seirbhíse bailiúcháin athchúrsáilte chun gach custaiméir comhairle a chur san áireamh i rith 2005. B'ionann an méid iomlán d'ábhar tirim inathchúrsáilte a bailíodh ó líonta tí lena phróiseáil agus 4,129 tonna.

Oibríonn an Chomhairle Láithreáin Áiseanna Cathartha ag Cnoc Silliot, Cill Chuillin agus ag Gallowshill i mBaile Átha Í. Chomh maith leis na gnáthbhainc thabhartha do ghloine, cannaí alúmanaim agus teicstílí, bíonn an raon ábhar a nglactar leis ag na lárionaid athchúrsála á leathnú i gcónaí de réir mar a fhorbraítear asraonta nua d'ábhair. Leagann an liosta thíos amach an raon ábhar a nglactar leo faoi láthair:

Ábhar Inathchúrsáilte	Dramhaíl Tí Ghuaiseach
Cairtchlár Rocach Cairtchlár Liath Nuachtáin Irisí Páipéar Dramhaíola Plaisteacha i gcatagóirí 1, 2 & 4 agus sin amháin Buidéil Ghloine Gloine Leacaithe Cannaí Alúmanaim & Miotail Dramh-Mhiotal Éadaí Earraí Leictreacha Carranna Diúscartha (Silliot Hill amháin)	Péint Vearnais Cógais Ceimicí Aerasóil etc. Dramh-Ola Ceallraí Cairr

Próiseáladh 1,711 tonna dramhaíola trí ionad athchúrsáilte na comhairle ag Cnoc Silliot, Cil Chuillinn, sin ardú beag ar an mbliain seo caite. Tagann an t-ardú seo ag tráth inar sholáthair an Chomhairle boscaí bruscair athchúrsáilte chuig a custaiméirí tí ar fad inar chuir sí seirbhís bhailiúcháin míosúil ar fáil. Tugann an tábla thíos briseadh síos ar an méid ábhar a bhailítear ag Cnoc Silliot.

An Cineál Dramhaíola	Meáchan
Dramh-Mhiotal	428.48
Buidéil	108.83
Dramh-Ola	5.59
Scagairí Ola	0.18
Ceallraí	21.90
Feadáin Fluaraiseacha	0.44
Boinn	15.01
Buidéil Gháis	3.62
Éadaí	17.69
Gloine Leacaithe	38.11
Páipéar Stiallaithe	120.50
Cannaí	14.68
Plaisteacha	55.21
Leictreach	424.04
Dramhaíl Tí Ghuaiseach	24.40
Cairtchlár	297.50
Nuachtáin	135.20
IOMLÁN	**1,711.38**

Críochnaíodh agus osclaíodh an Láithreán Áiseanna Cathartha ag Gallowshill, Baile Átha Í, i bhFómhair 2005.

Rinne an chomhairle bainc thabhartha phoiblí a chothabháil ag daichead láithreán ar fud an chontae agus mar thoradh air sin bailíodh 2,500 tonna gloine agus 48 tonna cannaí san iomlán.

D’éirigh go maith i gcónaí le saoráidí bailithe ceallraí i 125 bunscoil agus scoil dara leibhéal. Cabhraíonn tionscadal bailithe ceallraí na scoileanna le damáiste ó cheallraí a chosc agus le hoideachas a chur ar dhaoine óga ó thaobh an gá atá ann le dramhaíl a dhiúscairt ar shlí chúramach.

Chomh maith le boscaí bruscair athchúrsáilte agus bainc thabhartha a sholáthar lean an chomhairle ar aghaidh ag cur boscaí bruscair múirínithe ar fáil don phobal ar bhunphraghas.

Tá an tionscadal múirínithe pobail do ghearrthóga féir fós ar bun agus tá trí ghrúpa pobail ag baint úsáide as aonaid mhúirínithe saincheaptha móra a chuireann an Chomhairle ar fáil.

Truailliú a Rialú

Comhlíonann an Chomhairle a feidhmeanna agus a dualgais faoi reachtaíocht truaillithe comhshaoil trí fhaisnéis, ceadúnú agus formhuiniú. Eisíonn sí ceadúnais doirte eisiltigh trádála go huiscí/séaraigh i ndáil le háitreabh a úsáidtear chun dul i mbun trádála nó tionscail, agus eisíonn sí Fógraí Alt 12 a éilíonn oibreacha a dhéanamh chun truailliú uisce a chosc.

Forfheidhmiú

Tá béim níos mó á cur ag an leibhéal náisiúnta agus áitiúil ar reachtaíocht bhainistiú dramhaíola a fhorfheidhmiú. Le cabhrú leis sin a bhaint amach, díríonn Oifigigh Forfheidhmithe Dramhaíola na Comhairle ar a chinntiú go mbíonn na ceada riachtanacha ag na hOibritheoirí Dramhaíola do gach oibríocht dramhaíola, lena n-áirítear láithreáin a oibriú chun ábhair támh tógála/scartála/tochailte a aisghabháil. Rinneadh cigireachtaí ag saoráidí agus ag gníomhaíochtaí bhainistiú dramhaíola chun rialacháin a fhorfheidhmiú lena n-áirítear ceada dramhaíola, ceada bailiúcháin dramhaíola, dó neamhdhleathach dramhaíola agus gearáin ghinearálta maidir le bainistiú dramhaíola. Fuair an Chomhairle 88 iarratas ar cheada bailiúcháin dramhaíola i 2005, agus as an méid sin bronnadh 73 cead.

Fuarthas os cionn 1,300 gearán/fiosrúchán. Déantar gach gearán a fhaightear i scríbhinn, trí ríomhphost, ar an teileafón agus ag an gcuntar poiblí a logáil ar an mBunachar Sonraí Comhshaoil. Cuirtear gach gearán ar aghaidh ansin chuig an bhFoireann Forfheidhmithe, nó chuig ball foirne ábhartha eile, le haird a thabhairt orthu. D'fhéadfadh go mbeadh gá le fógra reachtúil, litir rabhaidh nó gníomh iomchuí eile tar éis imscrúdú a dhéanamh agus ag brath ar nádúr gach gearáin.

Oideachas & Feasacht

Thug ár nOifigeach Feasachta Comhshaoil 44 cuairt ar scoileanna agus grúpaí pobail (e.g. bailte slachtmhara) chun cur le feasacht an phobail faoi shaincheisteanna dramhaíola agus chun dea-chleachtas diúscartha dramhaíola a chur chun cinn sa phobal.

Tá Feachtas na mBratach Glas ag cabhrú leis an iarracht sin: bronnadh bratach glas ar 35 ceann de scoileanna an chontae faoi dheireadh na bliana agus tá 75 scoil san iomlán cláraithe don ghradam sin. Feidhmíonn an Chomhairle mar éascaitheoir do scoileanna ar mian leo baint a bheith acu leis an gclár seo agus tugann sí spreagadh ghníomhach do gach scoil a bheith páirteach sa tionscadal seo. Tá an clár Scoileanna Glasa maoinithe ag na húdaráis áitiúla rannpháirteacha go léir, lena n-áirítear Comhairle Chontae Chill Dara, trí íocaíocht bhliantúil díreach chuig An Taisce. Chomh maith leis sin, cuireann an Chomhairle ábhair agus/nó cúnamh airgeadais ar fáil do thionscadail iomchuí do Scoileanna Glasa rannpháirteacha.

Tá feasacht ar bhainistiú dramhaíola agus saincheisteanna comhshaoil eile á cruthú ag an gComhairle trí chomórtais grianghrafadóireachta. Bhí na grianghraif ar éirigh leo ó chomhórtas grianghrafadóireachta comhshaoil 2005 ar taispeáint i leabharlanna an Droichid Nua, Chill Droichid agus an Náis i rith na bliana.

Is iad na maoir bhruscair an taobh feiceálach de straitéisí éagsúla na Comhairle chun bruscar a chosc agus is deis iontach iad chun cur le feasacht an phobail faoi fhadhb an

bhruscair agus faoi fhreagra na Comhairle ar an bhfadhb sin. I measc ghníomhaíochtaí eolais na maor tá:

- Freastal ar chruinnithe ghrúpaí pobail, chumann áititheoirí agus choistí Bhailte Slachtmhara chun comhairle a thabhairt maidir lena ngníomhaíochtaí agus chun fadhbanna a bhaineann le bruscar a phlé.
- Teagmháil neamhfhoirmiúil leanúnach le páirtithe rannpháirteacha a chuireann ar chumas na maor dul i mbun gnímh láithreach i ndáil le háiteanna nua a mbíonn bruscar go minic iontu, eachtraí nua dumpála neamhdhleathacha, carranna tréigthe, srl.
- Cuairteanna ar áitribh mhiondíola, thionsclaíocha agus tráchtála sa chontae chun comhairle a chur ar úinéirí, áititheoirí agus baill foirne maidir lena bhfreagrachtaí faoin Acht um Thruailliú Bruscair.
- Bualadh le daoine ón bpobal chun cúrsaí bruscair a mbíonn éifeacht dhíreach acu orthu a phlé.
- Cuairteanna ar scoileanna chun iad féin a fhógairt agus chun cúrsaí bruscair a phlé le mic léinn.

Fostaítear criú comhshaoil de bheirt chun raon feidhmeanna a dhéanamh, lena n-áirítear áiteanna a mbíonn bruscar go minic iontu a ghlanadh, comharthaí “Cosc ar Bhruscar” agus comharthaí eile lena mbaineann a chur in airde, agus monatóireacht a dhéanamh ar shaoráidí athchúrsáilte do bhruscar. Déanann an criú idirchaidreamh dlúth leis an tseirbhís maor bruscair d’fhonn freagra pras agus éifeachtúlach a thabhairt ar eachtraí den sórt sin. Rinneadh 623 beart glanta comhshaoil ag suímh ar fud an chontae.

Ar an drochuair, ní leor an t-oideachas leis féin chun deireadh a chur le bruscar agus bhí ar an gComhairle pionós a ghearradh ar chiontóirí. Eisíodh 960 fineáil chionta bruscair i 2005.

Glanadh Náisiúnta an Earraigh

Mar is gnách díríodh i rith mhí Aibreáin ar chur chun cinn an Fheachtais Fhrith-Bhruscair Náisiúnta – Glanadh Náisiúnta an Earraigh. Fuair coistí Bhailte Slachtmhara tacaíocht trí sholáthar málaí bruscair agus athchúrsáilte, fearas chun bruscar a phiocadh suas, lámhainní agus cur le feasacht ar imeachtaí a tionóladh i rith na míosa.

Tá cláir éagsúla dírithe ar ghrúpaí pobail agus ar chumainn áititheoirí ar fáil, lena n-áirítear scéimeanna Deontas Áiseanna, Tionscnaimh do Bhród as an gCeantar, srl chun cabhrú le hiarrachtaí deonacha. Ceadaíonn na scéimeanna sin do sholáthar bhoscaí bruscair, troscán sráide, plandaí agus toir, agus feabhsú ar cheantair ghlasa. Thug foireann na Comhairle cúnamh do ghrúpaí bhailte slachtmhara áirithe páirt a ghlacadh i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara.

Déan Teagmháil le Seirbhísí Comhshaoil

Áras Chill Dara, Páirc Devoy, an Nás, Co Chill Dara
Teil.: 045-980588 Faics.: 045-980587
Ríomhphost: environ@kildarecoco.ie

Tithíocht

Mar fhreagairt ar an riachtanais áitiúil, tá dul chun cinn déanta ag an gComhairle ar chlár suntasach de thithíocht shóisialta a thógáil sa tréimhse cúig bliana 2004 - 2008. Cuirfidh aonaid faighte faoi Chuid V de na hAchtanna um Pleanáil & Forbairt leis an gclár agus comhlánfaidh siad an clár, ach ní laghdóidh siad é. Cuireadh 97 teach nua san iomlán leis an líon teaghaisí ar cíos atá ag Comhairle Chontae Chill Dara le linn na bliana, mar seo a leanas:

An Droichead Nua	29
(Páirc Mhuire)	12
Cill	2
Má Nuad	4
Teach Srafáin	24
An Corrchoill	14
Ceannaithe	12
Aonaid ceannaithe faoi Chuid V	

Cuireadh tús le céad is nócha seacht teach le linn na bliana ag na háiteanna seo a leanas:

An Corrchoill	30
Béal Átha an Tuair	40
An Droichead Nua	127
(Rickardstown)	

Leanadh leis an bhfoirgníocht ar 170 teaghais ag Cill Choca, Clogherinkoe, Cill Dara, Cill Droichid agus Léim an Bhradáin.

Leanadh le hidirbheartaíochtaí le forbróirí san earnáil phríobháideach le linn na bliana chun tithíocht inacmhainne a fháil do shaoránaigh, agus d'éirigh réasúnta maith leo.

Ceannaíodh seacht n-aonad inacmhainne déag agus thángthas ar chomhaontuithe sealadacha chun 111 aonad eile a cheannach i 2006.

Tá athrú tagtha ar fheidhm tithíochta na gcomhairlí contae le blianta beaga anuas. Ní hamháin go soláthraíonn údaráis áitiúla cóiríocht anois, ach tugann siad tacaíocht ghníomhach agus rannpháirteach le cúrsaí eastát tithíochta. Maidir leis sin tá foireann phearsanra speisialaithe fostaithe chun cabhrú le forbairt pobal agus chun cúnamh a thabhairt maidir le dul i ngleic le hiompar frith-shóisialta i dtithíocht údaráis áitiúil. Fostaíodh Oibrithe Pobail chun dul sa tóir ar rannpháirtíocht phobail i dtithíocht shóisialta agus, dá réir sin, chun cur le caighdeán beatha ár dtionóntaí trí shaoránacht ghníomhach agus uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn. Tacaíonn na hOibrithe Pobail le cumainn áititheoirí, le tionscnaimh áinseasa don óige agus do dhaoine scothaosta agus le cláir oideachais do thionóntaí údaráis áitiúil freisin.

Aithnímid go bhfuil sé ag éirí níos dúshlánaí eastáit údarás áitiúla a bhainistiú le blianta beaga anuas, ó raon peirspictíochtaí, go háirithe i ndáil le fadhbanna a eascraíonn as iompar frith-shóisialta. Aithnítear freisin gurb é an tslí is éifeachtaí chun dul i ngleic le hiompar frith-shóisialta ná cosc a chur air sa chéad dul síos. Cuireann Comhairle Chontae Chill Dara cosc gníomhach ar iompar frith-shóisialta trí Oifigigh Idirchaidrimh Tionóntaí a fhostú, a bhíonn freagrach as déileáil le gach gearán tionónta nó tuairisc ar iompar frith-shóisialta/núis. Bíonn na hoifigigh páirteach in oiliúint réamhthionónta chomh maith.

Déan Teagmháil le Tithíocht

Áras Chill Dara, Páirc Devoy, An Nás, Co Chill Dara
Teil.: 045-980705 Faics.: 045-980704
Ríomhphost: housingasst@kildarecoco.ie

Ar an mBóthar

Mórfheabhsúcháin Bóithre

An Bealach M7/N7

Tar éis oscailt Sheach-Bhóthar Mhainistir Eimhín i 2004 leanadh leis an obair chun tírdhreachú agus oibreacha cóiríochta áitiúla a chríochnú i 2005. Leanadh leis an gClár chun Monatóireacht Níos Fearr a Dhéanamh ar Screamhuisce maidir le hEanach Bhaile Phollaird, i rith na bliana.

Scéim Leathnaithe Bóthair agus Achomhal an N7 Bhóthar an Náis

Ag teacht leis an bhforbairt leanúnach ar an mbealach N7/M7 ó Bhaile Átha Cliath go dtí an Deisceart, leanadh leis an obair le linn 2005 chun an tríú lána a sholáthar an dá threo ar an gcuid den Débhealach N7 idir Ráth Cúil agus Mótarbhealach Sheachbhóthar an Náis an M7, atá 15km ar fhad. Áirítear ar an obair sin ceithre acomhal scartha de réir gráid a thógáil mar chuid den tionscadal, rud a chuirfidh deireadh leis na hachomail soilse tráchta atá ann anois ag an Chill agus ag Baile Eoin. Áirítear sa scéim freisin bóithre áitiúla nua a sholáthar ag nascadh An Nás le Baile Eoin leis An gCill agus ar aghaidh chuig Turf Bog Lane. Tosaíodh tógáil i mí na Samhna 2004 agus rinneadh dul chun cinn maith uirthi i 2005. Leis an gcur isteach is lú is féidir a chinntiú don 60,000 feithicil a úsáideann an bealach sin gach lá, tá socruithe tráchta casta leanúnacha riachtanach don scéim. D'ainneoin chastacht na n-oibreacha, agus na srianta de bharr an méid tráchta, tá an scéim chun cinn ar an sceideal agus meastar go gcríochnófar í go deireanach sa Samhradh 2006.

N9 Cill Chuillinn Port Láirge - An Chuid Ó Thuaidh - Cill Chuillinn Powerstown

Baineann an tionscadal seo le débhealach ardchaighdeáin 46km a thógáil ón taobh ó dheas den seach-bhóthar M9 Cill Chuillinn go Powerstown ar an N9 atá anois ann an taobh ó dheas de Cheatharlach agus beidh nasc-bhóthar nua 11km ann ón débhealach nua go dtí Baile Átha Í. Cheadaigh an Bord Pleanála an t-ordú ceannaigh éigeantaigh agus an staidéar faoin tionchar ar an gcomhshaol agus seirbheáladh fógraí gnóthaíochta ar bhreis agus 350 úinéir talún i mí Feabhra 2005. Leanadh le talamh a fháil i rith 2005 agus bhí tógáil le tosú ar an gcuid den bhóthar ó Prumplestown, ar an taobh ó thuaidh de Cheatharlach, go dtí Powerstown, ar an taobh ó dheas de Cheatharlach, go luath i 2006.

M4 Cill Choca go dtí Cinn Átha Gad

Déanfar feabhsú mór ar an bpríomhbhealach náisiúnta go dtí Iarthar na hÉireann trí Chill Dara Thuaidh trí thógáil an mhótarbhealaigh mheánaigh 39km ar leithead ag dul ón M4 ag Cill Choca ar an taobh thiar de Chinn Átha Gad, ar an N4 (go dtí an Muileann gCearr/Sligeach) agus ar an N6 (go Gaillimh) araon. Tá an mótarbhealach deartha ag

Oifig Deartha Bóithre Náisiúnta na hIarmhí/West Consult agus á bhainistiú ag an NRA agus Oifig Deartha Bóithre Náisiúnta na hIarmhí. Is scéim Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí ollmhór é seo: bronnadh an conradh i mí an Mhárta 2003 agus tosaíodh ag tógáil i mí na Bealtaine 2003. Ba é an dara ráithe 2006 an spriocdháta do chríochnú.

Thug an comheagras EuroLink an scéim chun críche roimh an am sceidealta agus osclaíodh an bóthar go hoifigiúil an 12 Nollaig 2005. Áiríodh sa tionscadal sin 19 tardhroichead, 7 íosdhroichead agus 3 íosbhealach.

Infrastruchtúr Bóithre Chill Dara

Tá líonra fairsing bóithre i gContae Chill Dara le tuairim is 2,243 cileaméadar ann san iomlán, mar seo a leanas:

Mótarbhealaigh	64
Príomhbhóithre Náisiúnta	50
Bóithre Náisiúnta den	30
Dara Grád	387
Bóithre Réigiúnacha	1,712
Bóithre Áitiúla	

Leis na bóithre sin a chothabháil agus a fhorbairt, chaith an chomhairle breis agus €31m i 2005 (gan tógáil an mhótarbhealaigh agus leathnú an N7 san áireamh). Áirítear san fhighiúr sin leithdháileadh deontais speisialta de €7.5 milliún chun cur leis an infrastruchtúr bóithre i gceantair Chill, Theach Srafáin agus Barberstown areas mar ullmhúchán do Chorn Ryder a bheith á óstáil ag Éirinn sa K Club i 2006.

Leibhéil Ghníomhaíochta 2005

Ba í 2005 an bhliain deiridh den chlár reatha d'athchóiriú bóithre. Tá plean nua le tabhairt isteach don tréimhse 2006-2008, tar éis don Suirbhé ar Staid na mBóithre atá á dhéanamh ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a bheith críochnaithe. I rith na bliana seo caite feabhsaíodh 68 cileaméadar de bhóithre neamh-náisiúnta agus cuireadh cóiriú dromchla ar thuairim is 117 cileaméadar. Áirítear sa chlár geimhridh salann a chur ar bhóithre chun leac oighir ar dhromchlaí bóithre a chosc.

Oibreacha Feabhsúcháin

Le linn 2005 tosaíodh nó leanadh le hobair ar roinnt tionscadal feabhsúcháin bóithre áirithe ar fud an chontae, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Feabhsúcháin ar Dhroichead na Life i Léim an Bhradáin
- Atógáil Dhroichead Chill Dara ag Bóthar Dhún Búinne, Má Nuad
- Feabhsúcháin ar Bhóthar Faoisimh Istigh an Dhroichid Nua
- Nasc-Bhóthar na Mílaoise, an Nás
- Ath-ailíniú ar Bhóthar Chathraí, an Nás
- Oibreacha feabhsúcháin ag Turf Bog Lane, An Chill
- Atógáil Dhroichead Bond, Má Nuad
- Feabhsúcháin ar Bhóthar Rickardstown, An Droichead Nua
- Ath-ailíniú ar Chros Barberstown chuig Bóthar Theach Srafáin
- Feabhsúchán ar Bhóthar na Cille-Theach Srafáin

Déan Teagmháil le hIompar

Áras Chill Dara, Páirc Devoy, An Nás, Co. Chill Dara.
Teil.: 045-980421 Faics.: 045-980420
Ríomhphost: roads@kildarecoco.ie

Do Vóta a Chlárú

Foilsíonn an Chomhairle liosta, nó clár, gach bliain de na daoine go léir atá i dteideal vóta a chaitheamh sa chontae. Áirítear orthu sin vótálaithe i dtoghcháin áitiúla, Dála, uachtaráin agus Eorpacha, chomh maith le i reifrinn.

Foilsíodh and dréachtchlár do 2005/2006 an 1 Samhain 2004 agus cuireadh ar taispeáint é in oifigí poist, stáisiúin an Gharda Síochána, leabharlanna agus oifigí chomhairle contae ar fud an chontae. Tar éis aighneachtaí a fháil ón bpobal, rinneadh leasú ar an dréacht agus tháinig an clár nua, a foilsíodh an 1 Feabhra 2005, i bhfeidhm an 15 Feabhra, le 131,104 vótálaí cláraithe air. Mar ab amhlaidh sna blianta roimhe seo, cuireadh ainmneacha breise le clár forlíontach i rith na bliana.

Cé go bhfuil gach vótálaí freagrach as a chlárú/a clárú féin a chinntiú, déanann an Chomhairle taighde agus feachtais bholscaireachta gach bliain lena chinntiú go mbeidh an clár chomh cruinn agus is féidir. Chuir an chomhairle bearta breise ar bun le blianta beaga anuas chun clárú a spreagadh. Thionóil Foireann Chlár na dToghthóirí clinicí i rith 2005 i Léim an Bhradáin, Cill Droichid, Má Nuad agus Baile Átha Í. Ba é cuspóir na gclinicí daoine a spreagadh chun a gcuid sonraí ar an gclár a sheiceáil agus cúnamh a thabhairt do dhaoine clárú chun vóta a chaitheamh. Cé go ndearnadh roinnt feabhsúchán ar an gClár, beidh gá i gcónaí le huasdhátú agus leasú a dhéanamh. Tá níos mó fadhbanna ag baint le clárú anois ná mar a bhíodh toisc go bhfuil an daonra ag méadú ag ráta i bhfad níos airde ná an meánráta náisiúnta. Tá sé ag éirí níos deacra teacht ar vótálaithe nua de réir mar a bhíonn an tsochaí ar fad ag éirí níos soghluaiste.

Tá an clár ar fáil in oifigí poist, i stáisiúin an Gharda Síochána, leabharlanna agus oifigí comhairle, agus chomh maith leis sin féadfaidh tú an clár a sheiceáil ar líne – díreach téigh isteach ar www.kildare.ie/countycouncil agus lean na treoracha.

Déan Teagmháil le Clár na dToghthóirí

Áras Chill Dara, Páirc Devoy, An Nás, Co. Chill Dara.
Teil.: 045-980201 Faics.: 045-980240
Ríomhphost: regelectors@kildarecoco.ie

Tacú le Pobal agus Forbairt

An Bord Forbartha Contae

Cuireann an Chomhairle an tacaíocht phraiticiúil agus airgeadais atá riachtanach chun obair Bhord Forbartha Chontae Chill Dara a dhaingniú trína Stiúrthóireacht Pobail agus Fiontair. Lean an Bord ar aghaidh lena obair ar an straitéis contae *Kildare 2012* a chur i bhfeidhm. Is í feidhm an bhoird a chinntiú go dtagann beartais na gcomhlachtaí agus na leasanna a bhfuil ionadaíocht déanta orthu ar an mbord, leis an straitéis tríd agus tríd agus go mbainfear an úsáid is fearr as acmhainní ar mhaithe le leas comchoitinn an phobail.

Rinne an Bord athbhreithniú ar a ghníomhaíochtaí i rith 2005, a rinne anailís ar an dul chun cinn maidir leis na gníomhaíochtaí beartaithe don chéad trí bliana eile, 2002 go dtí 2005, agus a d'aithin an méid ar éirigh go maith leis chomh maith leis na ceachtanna a bhí le foghlaim. Leag sé amach Plean Gnímh athbhreithnithe don tréimhse 2006 go dtí 2008, bunaithe ar na torthaí sin agus ar thaighde cuimsitheach.

D'aithin an bord i gcónaí an tábhacht a bhaineann le comhoibriú réigiúnach agus reáchtáladh comhchruinniú le boird fhorbartha na Mí agus Chill Mhantáin i mí Feabhra 2005, le forbairt eacnamaíoch/fiontair a phlé, bunaithe ar thorthaí Thuarascáil O'Driscoll. Bhí na pléití sin mar fhaisnéis don athbhreithniú ar Straitéis an Chontae chomh maith.

Rinne an Bord aighneacht chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí freisin, maidir le póilíneacht phobail i gCill Dara.

Lean an Grúpa Oibre do Bhearta Uilechuimsitheachta Sóisialta (SIM), fostruchtúr an Bhoird, lena chuid oibre i rith 2005 freisin. Bhain an príomhréimse gníomhaíochta le lánpháirtiú a fhorbairt idir na gníomhaireachtaí forbartha áitiúla (OAK, KELT agus KCP) agus le tacú le pleananna oibre na ngníomhaireachtaí sin agus ghníomhaireachtaí eile chun comhsheasmhacht le straitéis an chontae a chinntiú agus chun bearnaí agus a forluiteacht a sheachaint.

Oifig Taighde & Staitisticí an Chontae

Bunaíodh Oifig Thaighde & Staitisticí an Chontae (CRSO) i mí Mheán Fómhair 2005, mar thoradh ar aitheantas ón mBord Forbartha Contae go raibh géarghá le hacmhainn mar sin sa chontae. Díríonn sí ar eolas cothrom le dáta a chur le chéile d'fhonn acmhainn sonraí lárnach a sholáthar.
Is iad seo a leanas cuspóirí na hOifige:

- Sonraí a bhailiú ó na gníomhaireachtaí iomchuí go léir a fheidhmíonn i gContae Chill Dara ar gach gné den saol, e.g. sóisialta, eacnamaíoch, oideachais etc.

- Comhaontú a fháil maidir le sonraí a bhaineann le Cill Dara a thaifeadadh, a stóráil agus a roinnt.
- Sonraí den sórt sin a bhailiú ag an leibhéal geografach is fearr is féidir, go háirithe ar leibhéal fo-Chontae chuig ED nó leibhéal fo-ED nuair is féidir sin.
- Cur leis an bpoitéinseal d'eolas a roinnt idir eagraíochtaí sa Chontae.
- Taighde ceantair a dhéanamh ar chomharsanachtaí beaga sa Chontae.
- Comhoibriú le forais taighde agus tríú leibhéal maidir le sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu.
- GIS a úsáid chun sonraí a thaispeáint agus chun anailís a dhéanamh orthu.

Bhain formhór d'obair na n-oifigí i 2005 le próifíl contae a chur le chéile ar a tugadh *"Rural-Urban Dynamics in Kildare: Socio-economic patterns and trends"*, a seoladh i mí na Bealtaine 2006. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin CRSO déan teagmháil leis an Dr. Martina Roche 045-980533 nó le Aine Smith 045-980544.

Tacaíocht Fiontair

Tacaíonn an Stiúrthóireacht Pobail agus Fiontair le gníomhaíocht fiontair agus eacnamaíoch a fhorbairt freisin trína Rannóg Forbartha Eacnamaíche agus de réir na straitéise *Kildare 2012*. Áirítear ar ghníomhaíochtaí na rannóige cur le feidhmiú *Straitéis an Chontae*, fo-obair an Ghrúpa Straitéise Turasóireachta, forbairt ar shaoráidí fiontair do gnóthais a bhíonn ag tosú amach agus d'fhiontair bheaga agus meánmhéide, cur chun cinn agus comhordú ar an líonra leathanbhanda sa chontae agus taighde.

Turasóireacht agus Obair Fháilte Chontae Chill Dara

Oibríonn an Stiúrthóireacht Pobail agus Fiontair i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha turasóireachta chun tacú le turasóireacht sa chontae a fhorbairt. Tugann an Chomhairle tacaíocht airgeadais shuntasach d'Fháilte Chontae Chill Dara agus d'oibrigh sí go dlúth leis ar roinnt tionscnamh i 2005, ina measc:

- Tacú le hábhair agus deiseanna mhargaíochta a tháirgeadh
- Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a úsáid d'fhorbairt turasóireachta
- Cur chuige margaíochta comhordaithe a chur i láthair
- Naisc le contaetha in aice láimhe a fhorbairt
- Dul i ngleic le trádáil

Dul Chun Cinn Tapa a Dhéanamh

Fuair RAPID maoiniú ó roinnt foinsí i 2005 d'fhonn leanúint ar aghaidh le Plean Straitéiseach RAPID Bhaile Átha Í a chur i bhfeidhm. Tugann Maoiniú Giarála RAPID deis chun gníomhartha a sheachadadh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a d'aithin conáitheoirí mar thosaíochtaí iad. Tairiscíodh cúig chatagóir de mhaoiniú giarála agus fuarthas maoiniú d'ocht dtionscadal:

- An Scéim Bhreisiúcháin d'Eastáit Tithíochta de chuid na nÚdarás Áitiúil
  (Suiteáil soilsithe breise, dúnadh caolsráideanna agus tógáil sconsaí chun dumpáil neamhdhleathach a chosc san áireamh)
- An Scéim Beart Tráchta
  (Suiteáil rampaí, deisiú agus tógáil cosán san áireamh)
- An Scéim Áiteanna Súgartha
  (Suiteáil chúig áit súgartha marcáilte)
- An Scéim Sláinte Caipitil
  (forbairt ar áiseanna caitheamh aimsire ag Ospidéal Naomh Uinsinn agus feabhsúcháin ar Ionad Sláinte Bhéal Átha Í san áireamh)

- Breisiú do Chaipiteal Spóirt
  (Bronnta ar 3 ghrúpa ar thug RAPID tacaíocht dóibh chun Maoiniú Caipitiúil Spóirt a dhaingniú)

Tá na scéimeanna sin go léir, ach amháin maoiniú aon-uaire na Scéime Sláinte Caipitil, ar fáil gach bliain.
Fuarthas maoiniú áitiúil agus náisiúnta eile chun tionscadal a chur i bhfeidhm ar nós iad seo a leanas:

- Tionscnamh Athchúrsála agus Múirínithe bunaithe in eastát tithíochta sóisialta
- Tionscadal rannpháirtíochta pobail na mBailte Slachtmhara
- Teas Lárnach i dTithíocht Údarás Áitiúil
- Seirbhís Chomhairleoireachta
- Clár Oiliúna d'Fhir Dhífhostaithe

I measc na bpríomhshaincheisteanna ar thug RAPID aghaidh orthu i rith 2005 bhí:

- Iompar Frithshóisialta
- Dumpáil Mhídhleathach
  (Rinneadh iarratas ar mhaoiniú do CCTV Pobalbhunaithe i mí Mheán Fómhair 2005)
- Madraí fáin
  (Straitéis á forbairt le CDP Bhéal Átha Í agus Fóram Pobail Áitiúil)
- Áiseanna don Óige

Is príomhghné den Chlár RAPID í rannpháirtíocht an phobail agus bhí na rudaí seo a leanas mar chuid de straitéis Rannpháirtíochta Pobail RAPID i rith 2005:

- Iniúchadh ar Rochtain do Dhaoine Faoi Mhíchumas i mBaile Átha Í
- Oiliúnt ar Scileanna Coiste do Ghrúpaí Áititheoirí
- Cóisir na Nollag do leanaí sa dá phríomhcheantar údarás áitiúil

Cúnamh Deontais do Phobail

Tacaíonn an Stiúrthóireacht le go leor grúpaí pobail agus riarann sí sraith scéimeanna deontais i gcónaí atá dírithe ar raon leathan gníomhaíochtaí sa chontae. Íocadh €43,100 le 27 grúpa pobail do thionscadail a bhaineann le daoine óga, daoine faoi mhíchumas, grúpaí ban agus forbairt áitiúil. Íocadh €32,900 chun tacú le 26 féile agus deonaíodh €43,000 chun cabhrú le hobair os cionn 31 grúpa in obair de chineál comhshaoil faoi Scéim Deontais Áiseanna nua a tugadh isteach i 2005.

Sparántachtaí Oideachais

Bhunaigh an chomhairle scéim chun dhá sparántacht a dheonadh, sparántachtaí atá leagtha amach chun deiseanna staidéir tríú leibhéal a sholáthar do dhaoine nach féidir leo tabhairt faoi chúrsa staidéir mar gheall ar dhian-mhíbhuntáiste nó míchumas. Is do chúrsaí tríú leibhéal sa réimse forbartha pobail, go príomha atá Sparántacht William G. Carroll, ach ní dó sin amháin. Is do chúrsa tríú leibhéal ar bith atá Sparántacht Oideachais Chill Dara do Dhaoine faoi Mhíchumais. Bronnadh dhá sparántacht ar dhaoine faoi mhíchumais i 2005, agus bronnadh cúig sparántacht faoin Scéim William G. Carroll Scheme, arbh fhiú €8,700 san iomlán iad.

Bailte Slachtmhara agus Bród as an gCeantar

Leanann an Stiúrthóireacht ar aghaidh ag tacú leis an sárobair a dhéanann go leor pobal i gcomórtas bliantúil na mBailte Slachthara. Íocadh beagán faoi bhun €40,000 le breis agus 30 Coiste Bhailte Slachtmhara le cabhrú leo san obair sin agus bhain cuid mhór

acu leas as Deontas Áiseanna freisin. Bhí áthas ar an gComhairle Eastát Flinters, Baile Átha Í, Ráth Iomgháin, Claonadh agus An Nás a ainmniú le hionadaíocht a dhéanamh ar an gcontae sa chomórtas uile-Éirinn *Bród as an gCeantar*. Is é is aidhm leis an gcomórtas sin duaiseanna a thabhairt ar ardleibhéil gníomhaíochta agus comhoibrithe pobail a chabhraíonn leis an gcaighdeán beatha a fheabhsú do gach duine i gceantar áirithe. Bhíomar thar a bheith sásta lenár bhfeidhmíocht arís i 2005, go háirithe os rud é gur bhuaigh An Nás an duais fhoriomlán don Bhaile Mór Is Fearr.

Tionscadal Dhearbhú Barcelona

Shínigh an chomhairle Dearbhú Barcelona i 2004, ar aidhm leis tacú le cearta dhaoine faoi mhíchumas ó thaobh comhdheiseanna agus an méid a chuireann siad leis an sochaí agus leis an timpeallacht ina gcónaíonn siad a aithint. Tríd an Dearbhú a shíniú tugann an Chomhairle faoi rochtain ar fhoirgnimh, shaoráidí agus sheirbhísí poiblí a fheabhsú. Leagadh amach plean gníomh i 2005 chun cur le seachadadh seirbhísí.

An Fóram Pobail agus Deonach

Tá an chomhairle fós ag obair leis an bhFóram Pobail agus Deonach agus ag tabhairt tacaíochta praiticiúla dó, de réir mar a fhorbraíonn sé guth láidir, ionadaíoch don phobal agus don earnáil dheonach sa chontae. Déanann an fóram ionadaíocht don earnáil ar Choistí Polasaí Straitéiseacha na comhairle agus ar an mBord Forbartha Contae, ar Choiste Chúram Leanaí an Chontae agus ar Chomhpháirtíocht Spóirt Chill Dara, chomh maith le ar roinnt tionscadal comhpháirtíochta eile.

Glór do Dhaoine Óga

I mí an Mhárta March 2004, cheadaigh comhairleoirí moltaí do thionscnamh chun cur le hidirchaidreamh le daoine óga sa chontae. Bunaíodh Comhairle na nÓg chun na rudaí seo a leanas a bhaint amach:

- Córas a sholáthar chun ionadaithe/toscairí a thoghadh chuig imeachtaí náisiúnta a bhaineann le daoine óga, lena n-áirítear cruinnithe bliantúla de chuid Dáil na nÓg
- Éascaíocht a dhéanamh do dhaoine óga glór a bheith acu i gcúrsaí a mbíonn tionchar acu ar a saol, na saincheisteanna sin a bhreithniú agus dearcadh a chur in iúl do lucht déanta polasaí áitiúil agus náisiúnta.

Ba phróiseas comhoibrithe le Seirbhísí Óige Chill Dara a bhí i gComhairle na nÓg 2005. Ghlac mic léinn ó scoileanna dara leibhéal agus ó ghrúpaí óige páirt inti. Tugadh tuairisic ar an gComhairle do Bhord Forbartha an Chontae, do chruinniú Comhairle iomlán agus do SPC LURD. Ba iad mí-úsáid drugaí agus alcóil agus saoráidí do dhaoine óga na hábhair a bhí faoi chaibidil ag an gComhairle agus toghadh ceithre ionadaí le freastal ar Dáil na nÓg náisiúnta i bPáirc an Chrócaigh.

Gníomhaíochtaí Choiste Nasctha Chontae Chill Dara

Rinneadh comóradh 21 bliain de shíniú na Cairte Nasctha le Lexington Kentucky i 2005. Thug toscaireacht ó Lexington cuairt ar Chill Dara ón 11^{ú} Iúil go dtí an 15^{ú} Iúil 2005 agus socraíodh clár imeachtaí iomlán dóibh. Tionóladh sraith cruinnithe maidir le roinnt tionscadal nua. Áiríodh ar na tionscadail sin tionscnaimh thurasóireachta agus sparántacht chun comóradh a dhéanamh ar Bill Ralph, nach maireann, chun cabhrú le clár malairte d'iriseoirí a mhaoiniú.

Bhí baint ag Coiste Nasctha Chontae Chill Dara le roinnt gníomhaíochtaí i rith 2005. Áiríodh orthu sin a gClár Malairte Mac Léinn do Mhic Léinn Dara Leibhéal agus Tríú Leibhéal. Thug mic léinn dara leibhéal ó Lexington cuairt ar Chill Dara i mí Iúil. Thaistil beirt mhac léinn ó Ollscoil na hÉireann Má Nuad mar chuid den Chlár Malairte Tríú Leibhéal.

Déan Teagmháil le Pobal & Fiontar

Áras Chill Dara, Páirc Devoy, An Nás, Co. Chill Dara
Teil.: 045-980538 Faics.: 045-980240
Ríomhphost: dce @kildarecoco.ie

Uisce – Bunúsach don Saol

B'ionann daonra Chill Dara agus 163,944 i 2002 agus d'ardaigh sin go dtí 180,000 measta i 2005. Éilíonn an fás sin sa daonra leathnú ar sheirbhísí agus bíonn tionchar mór aige sin ar sheirbhísí uisce.

Is é an t-éileamh iomlán sa chontae ná 72 milliún lítear in aghaidh an lae, méid is ionann le 26 milliún tonna uisce in aghaidh na bliana. Úsáidtear 40% den soláthar sin chun freastal a dhéanamh ar an earnáil tionsclaíoch/tráchtála. Úsáideann an gnáthdhuine tuairim is 150 lítear in aghaidh an lae do gach rud ó fhiacla a scuabadh go dtí cithfholcadh a thógáil.

Ceannaíonn Comhairle Chontae Chill Dara 98% dá riachtanais uisce ó lasmuigh den chontae, go príomha ó Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath (ag an Baile Mór) agus ó Chomhairle Chontae Fhine Ghall (ag Léim an Bhradáin). Tá forbairt á déanamh ag Comhairle Chontae Chill Dara ar a hacmhainní féin agus tá pleananna aici uisce a bhaint ó na goirt tobair ag Baile an Fhiaidh/Ráth Iomgháin agus ag Droichead Bhaile Sheáin/Baile Riobaird. Tá sé beartaithe freisin usice a asbhaint ó Abhainn na Bearú ag Srowland, Baile Átha Í. Tá tógáil tosaithe ar na goirt tobair ag Baile an Fhiaidh/Ráth Iomgháin agus meastar go mbeidh sí i bhfeidhm i rith 2006.

Táthar ag súil go dtosófar tógáil ar thionscadal Dhroichead Bhaile Sheáin/Baile Riobaird i rith 2006. Meastar go dtosóidh tógáil ar thionscadal Srowland, Baile Átha Í i 2007.

Cuimseoidh na hacmhainní dúchasacha sin 40% den éileamh iomlán ar uisce don chontae faoin mbliain 2010.

Tosaíodh roinnt mórthionscadal feabhsúcháin i 2005 lena n-áirítear Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Oirthuaisceart Chill Dara, Líonra Píblíne Dramhuisce Díseart Diarmada, Scéim Séarachais Fhiodh Alúine, Scéim Séarachais Theach Srafáin, Príomh-Phíopa an Bhaile Mhóir go Sean-Chill Chuillinn agus an tSaoráid Láimhseála Sloda ag Osberstown.

Tá ról ríthábhachtach ag caomhnú i gcónaí maidir le soláthar uisce sa chontae a rialú. Déantar monatóireacht rialta ar an líonra dáilte chun ligean uisce a aithint agus a dheisiú. Cabhraítear leis an monatóireacht tríd an gcóras teiliméadrachta a thugann faisnéis ar shreabhadh líonra chuig ár rannóg soláthair uisce sa Droichead Nua.

Déan Teagmháil le Seirbhísí Uisce

Áras Chill Dara, Páirc Devoy, An Nás, Co. Chill Dara
Teil.: 045-980360 Faics.: 045-980359
Ríomhphost: watersection@kildarecoco.ie

Leabharlanna

Tá Seirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chill Dara ag leanúint le teacht saoránach ar eolas, oideachas agus deiseanna cultúir a chur chun cinn, a éascú agus tacú leis sin, feadh an líonra de sé bhrainse dhéag.

Ba bhliain ghnóthach a bhí i 2005 agus rinneadh go leor dár straitéisí seirbhíse a bhrú chun cinn agus a chur i bhfeidhm.

- D'fháiltigh leabharlann nua i Léim an Bhradáin roimh an bpobal agus bíonn sí oscailte 51 uair an chloig gach seachtain.
- Suiteáladh Córas Bainistithe Leabharlainne ríomhairithe nua – Horizon – ag gach ceann dár bpointí seirbhíse ríomhairithe.
- Forbraíodh láithreán gréasáin na Leabharlainne agus tá Clár na Leabharlainne ar fáil ar líne.
- Ceannaíodh feithicil scoile nua agus tá sí in úsáid agus ceadaíodh ceannach feithicle soghluaiste nua.
- Rinneadh dul chun cinn ar thionscadail chaipitiúla do Mhainistir Eimhín, Cill Dara agus an Droichead Nua.

Forbairtí Brainse

Shuiteáil Leabharlann Bhaile Átha Í an áis chúnamh teicneolaíochta, Magic, a mhéadaíonn téacs chun cur le seirbhísí d'iasachtaithe lagamhairc.

Lean Leabharlann Chill Droichid ar aghaidh le raon seirbhísí a chur ar fáil don phobal, lena n-áirítear dhá imeacht nua: An Ghaeilge do Thosaitheoirí agus Forbairt Phearsanta Trí Fhilíocht. Rinneadh infheistíocht sa rannóg do Dhaoine Óga agus tá forbairt á déanamh ar choincheap Crios na nDéagóirí. Bhain Cill Droichid leas as 84.2% dá spás do thaispeántais.

Lean Leabharlann Mhá Nuad le tacaíocht agus éascaíocht a chur ar fáil do na Grúpaí Tuismitheora agus Lapadán, a bhfuil an-tóir orthu. I measc na n-imeachtaí agus na gcruinnithe eile a tionóladh bhí cruinnithe Chumann Staire Mhá Nuad, cruinnithe Líonra an Lucht Siúil i gCill Dara agus Grúpa Léitheoireachta Léirmheasa do Dhaoine Óga.

Lean Leabharlann an Droichid Nua le forbairt a dhéanamh ar a seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise trí Intuition Software, ar uirlis oiliúna d'fhoghlaimeoirí féinmhúinte é, a thabhairt isteach.

Lean Leabharlann Ráth Iomgháin le héascaíocht agus tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí pobail le taispeántais ealaíne éagsúla agus seoladh "A Ramble in Rathangan" le Seamus Kelly, údar áitiúil.

Chuir an tseirbhís Leabharlainne Solghluaiste trí stop nua lena sceideal – Fiodh Alúine, Ionad Chúram Lae an Náis agus Moore Abbey. Bhain 800 úsáid as an tseirbhís agus tógadh 25,000 mír amach ar iasacht i rith 2005.

Rinneadh athchóiriú tráthúil ar Leabharlann an Náis i mbliana, an bhliain ina ndearnadh comóradh ar 100 bliain de Leabharlann Phobail an Náis. Bhain 5,000 úsáid as an tseirbhís agus d'óstaigh an Leabharlann 650 imeacht, a d'fhreastail ar lucht féachana os cionn 7,240 duine. I measc na n-imeachtaí sin bhí: léachtanna eolais faoin tsláinte, cruinnithe den Chumann Meabharshláinte, cruinnithe Chomhghuaillíocht an Gharda Síochána/an Phobail agus Clár an Scéalaithe Cónaithe, ar éirigh thar barr leis.

Lean an Rannóg Saidéar Áitiúil le rochtain ar ábhar a bhaineann le stair, oidhreachta agus ginealas Chill Dara a chur ar fáil. Fuarthas 3,128 fiosrúchán ar an iomlán agus tugadh breis agus 700 cuairt ar an ionad. Chomhoibrigh an Rannóg seo le Cumann Seandálaíochta Chill Dara le linn na Seachtaine Oidhreachta i 2005. Díríodh ar na híomhánna sa chéad 2 eagrán d'Iris an Chumainn, ar Struiceanna Armais Mhórtheaghlaigh Chill Dara agus ar stoc Leabharlann Chontae Chill Dara.

Ar deireadh, bhog an tSeirbhís Leabharlainne Scoile ó Cheanncheathrú na Leabharlainne i mBruach na hAbhann go dtí pointe seirbhíse lárnach i mBaile Chill Dara. Forbraíodh seirbhís déach ina dtugann múinteoirí cuairt ar an leabharlann agus ina ndéanann an leabharlann seachadadh chuig scoileanna ar fud an chontae. Thug seirbhís Leabharlainne na Scoile faoi roinnt tionscadal speisialta éagsúla i 2005, ina measc Threading Tales, tionscadal forbartha léitheoireachta bunaithe ar na healaíona chun tacú le forbairt ar léitheoireacht sa bhaile, seisiúin scéalaíochta i scoileanna agus tionscadal uilechuimsitheachta sóisialta KLAS. Chuir an tseirbhís Leabharlainne Scoile seirbhís ar fáil do 100 scoil agus do 21,659 dalta.

Déan Teagmháil le an tSeirbhís Leabharlainne

Ceanncheathrú: Bruach na hAbhann, An Droichead Nua, Co Chill Dara
Teil.: 045-431109 Faics.: 045-432490
Ríomhphost: colibrary@kildarecoco.ie
Gréasán: www.kildare.ie/library

An tSeirbhís Ealaíon

Lean Clár Forbartha Ealaíon Chontae Chill Dara ag obair ar thionscnaimh fadtéarmacha feadh foirmeacha ealaíne, agus iad ag obair le comhpháirtithe ag an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal idirnáisiúnta; agus rannpháirtíocht agus an scoth ealaíne á spreagadh aige.

Tionóladh forbraíocht damhsa ilghnéitheach i 2006. Tionóladh cúrsa do Cheannairí Damhsa Pobail Ghild Laban, Leibhéal 2, dianchlár oiliúna 6 mí, in Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann. Bhronn Anna Carlisle MBE na dámhachtainí don chúrsa Leibhéal 1 i mí Iúil. Thug Scoil Samhraidh Damhsa Chill Dara deis do chomhpháirtithe áitiúla tuilleadh forbartha a dhéanamh. Tairiscíodh naoi nduais sparántachta déag d'ealaíóntóirí, daoine óga, éascaitheoirí, foireann agus cliaint ó sheirbhísí pobail sa chontae.

Tugadh an chéad Teastas sna hEalaíona Pobail d'Fhorbairt Phobail, cúrsa Ollscoil na hÉireann Má Nuad, a d'eagraigh Comhairle Chontae Chill Dara, chun críche i mí an Mheithimh agus thosaigh an dara cúrsa i mí Dheireadh Fómhair. Tá sé mar aidhm leis an gcúrsa seo, a bhfuil an-tóir air, cleachtas ealaíon pobail a chur i gcomhthéacs agus scileanna oibre grúpa agus éascaíochta na rannpháirtithe a fhorbairt.

Mar chuid de shraith an Fhómhair bhí na ceardlanna dar teidil 'When All is Not What it Seems …..' , 'Introduction to Screen Writing' agus 'Getting Down and Dirty with the Locals', chomh maith le léachtaí dar teidil 'Intriguing Connections' agus 'Analysing Classic Film'.

Leathnaíodh an clár Ealaíona san Oideachas dar teideal 'If I Had an Artist for a Day…..' le ceardlanna ar Dhamhsa, na hAmharcealaíona, Litríochta agus Ceol a chur san áireamh.

Tugadh an clár athchóirithe ar an mBailiúchán Ealaíne Cathrach chun críche agus tionóladh taispeántas saothar ealaíne roghnaithe dar teideal 'A Collection Uncovered'. Martin Gale RHA a d'oscail an taispeántas. D'fhiosraigh an taispeántas priontaí dar teideal 'Where Siva Meets Maebh', leis an Leinster Printmaking Studio, miotaseolaíocht na hIndia agus na hÉireann. Taispeánadh an saothar ag Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann sula ndeachaigh sé ar chamchuairt in ionaid eile in Éirinn.

Sheol Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann an clár 'UnEarthed Music Development Programme for Young Musicians'. Chuir sé sin meantóireacht ar fáil trí dhianchumadh agus trí dhianoiliúint ceoil. Lean Ceolfhoireann Chill Dara le forbairt cheoltóirí sa chontae a chothú, idir cheoltóirí atá ag teacht chun cinn agus cheoltóirí gairmiúla.

Déan Teagmháil leis an tSeirbhís Ealaíon

Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann, An Droichead Nua, Co Chill Dara
Teil.: 045-448318 Faics.: 045-432490
Ríomhphost: lrussell@kildarecoco.ie

Oideachas a chur ar ár gCumas

Cuireann an Chomhairle Contae deontais ar fáil, ar bhonn tástála maoine, i leith oideachais triú leibhéal. Fuarthas agus próiseáladh 467 iarratas ar dheontas sa bhliain 2005 chomh maith leis na 556 deontas a ndearnadh iad a athnuachan ó bhlianta roimhe sin. D'ísligh líon na n-iarratas nua 2.9% le hais líon na n-iarratas a rinneadh sa bhliain 2004, cé gur ardaigh líon na n-iarratas a ndearnadh iad a athnuachan 8.6%.

Tá iarratasóirí deontais in ann go leor a dhéanamh chun cuidiú leo féin agus tá deis i bhfad níos fearr acu anois íocaíocht luath a fháil ach a chinntiú go ndéantar foirmeacha iarratais a chomhlánú go hiomlán agus go gcuirtear mionsonraí iomlána maidir le hioncam an teaghlaigh isteach roimh an dáta deiridh. Cuireadh moill ar go leor íocaíochtaí deontais le blianta beaga anuas mar gheall ar iarratais neamhchomhlánaithe.

B'ionann agus €3.74 milliún luach na ndeontas a íocadh sa bhliain 2005, a léirigh:

- rannchuidiú mór maidir le comhionannas rochtana san oideachas,
- muinín i mic léinn, agus
- infheistíocht mhór i dtodhchaí eacnamaíoch an chontae.

Déan Teagmháil le Deontais Ardoideachais

Áras Chill Dara, Páirc Devoy, An Nás, Co. Chill Dara
Teil.: 045-980202 Faics.: 045-980240
Ríomhphost: heg@kildarecoco.ie

Tóg go Bog é ……

Bhunaigh an chomhairle contae roinn seirbhísí áineasa sa bhliain 1997 mar fhreagra ar an éileamh a bhí ann, éileamh a bhí ag méadú, go maoineofaí saoráidí fóillíochta go poiblí. Bhí baint ag an roinn leis na gníomhaíochtaí seo a leanas i rith na bliana 2005:

- Linnte snámha i Nás agus i mBaile Átha Í a oibriú agus a fhorbairt
- Ionad Spóirt agus Áineasa an Droichid Nua a oibriú agus a fhorbairt
- Spórt a fhorbairt sa chontae
- An Clár páirceanna
- Bealaí siúlóide a chothabháil agus a fhorbairt
- Deontais do chlubanna áitiúla spóirt agus áineasa
- Sábháilteacht uisce a chur chun cinn
- Áiteanna súgartha a fhorbairt

Linnte Snámha

Rinneadh athruithe móra oibríochtúla ar linn snámha an Náis le go bhforbrófaí eispéiris snámha “ón mbreith go bás” don phobal. Chuir foireann na linne snámha réimse leathan traenála ar fáil, lena n-áirítear ceachtanna snámha, folláine uisce, snorcallú, sábháilteacht uisce agus curachóireacht do gach duine ó pháistí go seanoirí. Bhí an linn snámha ar oscailt ar feadh 3,650 uair an chloig i rith na bliana agus bhí breis agus 142,000 cuairteoir ann. Forbraíodh pleananna do linnte snámha nua, lena n-ionchorpraíodh seomraí folláine, don Nás agus do Bhaile Átha Í i rith na bliana agus sna bailte sin féadfar a bheith ag súil le saoráidí den chineál is nua aimseartha go luath amach anseo.
Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an dá linn snámha nuad go luath sa bhliain 2007.

Bhí an linn snámha i mBaile Átha Í ar oscailt ar feadh 2,350 uair an chloig i rith na bliana agus bhí breis agus 72,500 cuairteoir ann. B’éigean líon na n-uaire oscailte a laghdú mar gheall ar chothabháil fearas riachtanach a bhí le déanamh.

Ionad Spóirt agus Áineasa an Droichid Nua

Thug tuairim is 100,000 duine cuairt ar Ionad Spóirt agus Áineasa an Droichid Nua a bhí ar oscailt ar feadh 4,200 uair an chloig sa bhliain 2005. Tá bratach bhán bainte amach ag an ionad don chúigiú bliain as a chéile do chaighdean sláintechais agus comhshaoil. Tá tóir níos mó agus níos mó ar an ionad bliain i ndiaidh bliana agus tá sé anois mar chuid seanbhunaithe den saol fóillíochta i lár Chill Dara. Rachfar i mbun athruithe ar an ionad sa bhliain 2006, lena n-áireofar na saoráidí gléasta agus leithris a uasghrádú agus an t-ionad a dhéanamh níos inrochtana trí ardaitheoir a chur ar fáil.

Tá an-tóir i gcónaí ar an áit shúgartha a ghabhann leis an ionad agus tarraingíonn sé thart ar 90,000 cuairteoir in aghaidh na bliana. Tá aitheantas faighte ag an áit shúgartha ó ghrúpaí riachtanas speisialta chomh maith le tuairimí fabhracha ón Roinn Sláinte agus Leanaí, a léirigh é mar shampla de dhea-chleachtas ina dtacaítear le timpeallacht mhaith shúgartha.

An Clár Páirceanna

Chuathas i mbun clár forleathan cothabhála crann agus ghearradh féir sa bhliain 2005. Tá an méid seo a leanas san áireamh in oibreacha móra a cuireadh i gcrích agus atá á bhforbairt:

- Forbairt thalamh taitneamhachta Theach Lishandra (Cill Droichid)
- Feabhas á chur ar Bishopsland (Baile Chill Dara)
- Feabhas ar thírdhreach Avondale Drive (Cill Chuillinn)
- Athfhorbairt Chlub Gailf Dhá Mhaide Dhíseart Diarmada

Ag Tacú le Spórt Pobalbhunaithe

Is ceann-ghníomhaireacht í an chomhairle i bPlean Straitéiseach Spóirt Chill Dara. Tá roinnt clár forbartha spóirt á gcur ar fáil do scoileanna agus do phobail tríd an gcomhpháirtíocht sin. Oibríonn ár Ranna Áineasa agus Tithíochta le chéile chun cláir spóirt agus fóillíochta, traenáil agus trealamh a chur ar fáil d'eastáit i mbailte agus i sráidbhailte ar fud an chontae. Éascaítear líonra gníomhaíochtaí scoir Chill Dara, atá lonnaithe inár n-ionad spóirt sa Droichead Nua, tríd an tseirbhís freisin.

Bealaí Siúlóide

Rinne an Roinn Seirbhísí Áineasa obair chothabhála ar bhealaí siúlóide agus forbraíodh pleananna maidir le dhá bhealach nua a chruthú i mbaile Chill Dara agus ag Loch Ballinafagh. Táthar i mbun na dtionscadal sin i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara agus seirbhís oidhreachta na comhairle. Déanfar iniúchadh ar gach bealach siúlóide i rith 2006.

Deontais Spóirt agus Fóillíochta

Bhain na heagraíochtaí seo a leanas sa chontae leas as deontais chúnamh spóirt:-

Club Peile Ballyoulster	€10,000
Coiste Pharóiste Ceárach	€20,000
Club Lúthchleasa Crookstown	€10,175
Club Lúthchleasa Lé Cheile	€10,000
Club Peile Mhaigh Nuad	€20,000
Club Peile na Corrchoille	€13,500
Scoil Pádraig Naofa	€4,000
1ú/10ú Gasóga Chill Dara	€15,000
Tionscadal Chill Dara Thuaidh	€20,000

Sábháilteacht Uisce

Cuireadh baoithe fáinneacha nua ar fáil ar uiscebhealaí ardriosca i Léim an Bhradáin, i gCill Droichid agus Ardclough. Tá uiscebhealaí nua aitheanta agus cuirfear comharthaí

rabhaidh breise agus baoithe fáinneacha ar fáil. Thionóil Sábháilteacht Uisce Chill Dara roinnt seachtaine agus ranganna feasachta sábháilteachta i gcomhar le roinn seirbhísí áineasa na comhairle.

Áiteanna Súgartha

Forbraíodh pleananna do chúig áit shúgartha nua, cuiireadh na pleananna sin i bhfeidhm agus osclaíodh na háiteanna súgartha sa bhliain 2005. Is sna ceantair seo a leanas a lonnaíodh na háiteanna súgartha sin:

- Páirc Willowbrook (Cill Droichid)
- Ionad Taitneamhachta Léim an Bhradáin
- Harbour Field (Maigh Nuad)
- Páirc Lourdesville (Baile Chill Dara)
- Bawnogues (Cill Choca)

Tá láithreáin a d'fhéadfaí a úsáid aitheanta le cur san áireamh mar áiteanna súgartha a d'fhéadfdh a bheith ann sa bhliain 2006.

Comhoibriú

Mar chuid de nasc na comhairle le Tuaisceart Éireann, d'fháiltigh toscaireacht spóirt faoi cheannas an Leas-Mhéara Dukes roimh a gcomhghleacaithe as Tuaisceart Éireann a tháinig go Cill Dara chun naisc spóirt, chultúir agus polaitíochta a neartú.

Déan Teagmháil le Seirbhísí Áineasa

Áras Chill Dara, Páirc Devoy, An Nás, Co. Chill Dara
Teil.: 045-980203 Faics: 045-980240
Gréasán: www.kildare.ie/countycouncil

An tSeirbhís Dóiteáin

Oibríochtaí Bhriogáid Dóiteáin

Le ceithre bliana anuas; d'fhreastail an tSeirbhís Dóiteáin ar 1,426 glaoch sa bhliain 2002; 1,437 i 2003; 1,538 i 2004 agus 1,590 sa bhliain 2005. Léiríonn na figiúirí sin ardú 11.5% in imeacht na gceithre bliana sin. Seo a leanas líon na nglaonna arna mbriseadh síos de réir Stáisiúin: -

Stáisiún	2002	2003	2004	2005
An Droichead Nua	414	374	372	410
Naas	274	284	348	441
Maigh Nuad	261	220	250	268
Léim an Bhradáin	143	173	212	147
Baile Átha Í	216	248	237	215
Mainistir Eimhín	118	138	119	109

Seo a leanas líon na nglaonna arna mbriseadh síos tuilleadh de réir an chineáil glao: -

	2002	2003	2004	2005
Simléir	362	314	294	291
Dóiteáin in Aiteanna Cónaithe	215	168	154	195
Áitreabh Eile	89	93	113	121
Timpistí Bóthair	206	171	148	192
Tarrthálacha Eile	49	33	38	42
Tuilte	38	8	2	3
Dóiteáin Faoin Aer	204	370	440	358
Mótarfheithiclí	135	140	196	180
Ilchineálach	74	17	24	44
Aláraim Bhréagacha	54	109	101	164

Is iad na staitisticí ar díol spéise iad anseo an t-ísliú de 71 i líon na ndóiteán simléir ó 2002 go 2005 arb ionann é agus titm beagnach de 20% i gceithre bliana, an t-ardú de 154 i líon na ndóiteán faoin aer in imeacht cheithre bliana agus an t-ardú de 44i líon na dtimpistí bóthair a ndearnadh freastal orthu le bliain anuas.

Ní dhearnadh ach bás amháin a thaifeadadh in aghaidh na bliana de bharr dóiteán sa tréimhse de cheithre bliana.

Is iad seo a leanas meán-amanna freaagartha do na Stáisiúin éagsúla i rith na mblianta (i nóiméid):

Stáisiún	2002	2003	2004	2005
An Droichead Nua	6.6	7.2	7.5	6.6
An Nás	5.3	5.4	5.1	5.3
Maigh Nuad	5.6	5.7	5.5	4.5
Léim an Bhradáin	4.8	5.5	5.5	6.0
Baile Átha Í	4.9	5.4	5.4	6.0
Mainistir Eimhín	5.8	5.8	5.5	5.7

D'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht in amanna freagartha ó Stáisiún go Stáisiun mar gheall ar roinnt fachtóirí, lena n-áirítear líon leordhóthanach de lucht múchta doiteán a bheith ar fáil, coinníollacha tráchta, amanna na nglaonna agus mar sin de.

Is mar seo a leanas a bhí amanna Freastail Bhriogáid Dóiteáin don bhliain:

Níos lú ná deich nóiméad 32.9 %
Idir deich agus fiche nóiméad 55.5 %
Níos mó ná fiche nóiméad 11.6 %

Cuireadh modheolaíocht oiliúna nua do lucht múchta dóiteán i bhfeidhm (ar a dtugtar oiliúint d'Iompar i nDóiteán) le sábháilteacht lucht múchta dóiteán a chinntiú i gcásanna a bhféadfadh trasplancacha tarlú. Is ionann trasplanc agus feiniméan dóiteáin, feiniméan ar bhásaigh beirt mhúchtóirí dóiteán dá bharr i ndóiteáin a tharla i dteach leathscoite sa Ríocht Aontaithe. Baineadh úsáid as foirgnimh oiliúna speisialta, a raibh an trealamh monatóireachta go léir iontu, trealamh a ceannaíodh le cabhair ó dheontas ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus cuireadh teagascóir faoi oiliúint. Tá an cineál oiliúna seo curtha ar gach duine den lucht múchta dóiteán le dhá bhliain anuas.

Fuarthas Fearas Dóiteáin nua, a thóg Browns Coachworks, cuideachta de chuid Thuaisceart Éireann, agus tá sé lonnaithe anois is stáisiún an Droichid Nua.

Cosc agus Sábháilteacht Dóiteáin

B'ionann agus 1,350 líon na dtarchur pleanála ar dhéileáil an Príomhoifigeach Dóiteáin leo i rith na bliana.

Láimhseáil an Roinn do Chosc ar Dhóiteáin 463 Iarratas ar Dhearbhú Sábháilteachta Dóiteáin sa bhliain 2005, ardú 6% ar anuraidh. Astu sin, ceadaíodh 390, diúltaíodh 16, rinneadh 109 neamhbhailí agus iarradh eolas breise maidir le 99 díobh agus iad á mbailíochtú.

Rinneadh 303 cigireacht ar áitribh freisin, 14 léacht ar shábháilteacht dóiteáin agus 6 iarratas ar thaispeántais tinte ealaíne. Scrúdaíodh cúig ghearán déag agus rinneadh cigireacht ar 11 áitreabh agus taibhithe ar siúl iontu.

Déan Teagmháil leis an tSeirbhís Dóiteáin

An Stáisiún Dóiteáin Lárnach, An Droichead Nua, Co. Chill Dara
Teil.: 045-431370 Faics.: 045- 435552
Ríomhphostl: fireadmin @kildarecoco.ie
Gréasán: www.kildare.ie/countycouncil

Saoráil Faisnéise

B'ionann agus 17 líon na n-iarratas a fuarthas sa bhliain 2005, bhí 2 díobh ina n-iarratais ar fhaisnéis phearsanta agus bhí 15 díobh ina n-iarratais ar fhaisnéis neamhphearsanta. Tugadh iarratas amháin ar aghaidh ó 2004. Deonaíodh 11 iarratas agus diúltaíodh 7 n-iarratas de réir díolúintí sna hAchtanna um Shaorál Faisnéise 1197 agus 2003. Ní dhearnadh aon iarratas ar athbhreithniú agus ní dhearnadh aon achomharc leis an gCoimisinéir Faisnéise.

Fuarthas ocht n-iarratas gan táillí ar rochtain ar dhoiciméid faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Cé gur éilíodh táillí i ngach cás chun an t-iarratas a bhailíochtú, tugadh faoi deara gur thograigh an t-iarratasóir gan leanúint ar aghaidh leis an iarratas nó go raibh an fhaisnéis ar fáil thairis sin ar iarratas lasmuigh den chóras saoráil faisnéise. Déileáladh le roinnt iarratas teileafóin go neamhfhoirmiúil, mar gur tugadh faoi deara go bhféadfaí teacht ar an bhfaisnéis lasmuigh den chóras saoráil faisnéise nó nuair a cuireadh in iúl dóibh an fhaisnéis a bhí i seilbh agus na nósanna imeachta a úsáidtear thograigh an t-iarratasóir gan iarratas foirmiúil a dhéanamh.

Déan Teagmháil le Saoráil Faisnéise

Áras Chill Dara, Páirc Devoy, Án Nás, Co. Chill Dara
Teil.: 045-980200 Faics.: 045-980240
Ríomhphost: foi@kildarecoco.ie

An Oidhreacht

Bhí na nithe seo a leanas ar thionscadail an Phlean Oidhreachta a cuireadh i bhfeidhm i rith na bliana 2005:

- Ullmhaíodh fardal maidir le nithe oidhreachta agus seandálaíochta a bhaineann le Contae Chill Dara atá in Ard-Mhúsaem na hÉireann faoi láthair.
- Cuireadh treoirlínte i dtoll a chéile chun gnéithe bithéagsúlachta a ionchorprú i ngníomhaíochtaí de chuid an údaráis áitiúil.
- Forbraíodh “tionscadal éin sa chlós scoile” i gcomhar le hIonad Oideachais Chill Dara, a bheidh le cur ar bun ar bhonn píolótach i scoil i ngach toghcheantar.
- Ullmhaíodh treoirlínte do thithe feirme agus foirgnimh feirme a bhaineann leo a ath-úsáid agus a chaomhnú.
- Rinneadh staidéar ar Oidhreacht Gheolaíoch Chontae Chill Dara.
- Rinneadh suirbhé ar Thithe Ceann Tuí i gContae Chill Dara.
- Ullmhaíodh fardal agus léarscáil de bhealaí siúlóide Oidhreachta i gContae Chill Dara.

Bhí na nithe seo a leanas ar thionscadail Oidhreachta eile a ndeachthas ina mbun i rith na bliana 2005:

- Oiliúint oidhreachta do ghrúpaí chomórtas na nBailte Slachtmhara.
- Foilseachán dar teideal “Thatched Cottages of Kildare”.
- Ullmhaíodh pleananna caomhnaithe agus bainistithe do reiligí Gaganstown agus Tipper.
- Chomhaoinigh Comhairle Chontae Chill Dara paimfléad maidir le Seandálaíocht an Churraigh.
- Forbraíodh láithreán gréasáin oidhreachta.
- Comhordaíodh an tSeachtain Oidhreachta agus cuireadh an bhileog eolais “Heritage Week 2005” i dtoll a chéile.
- Oiliúint ar bhithéagsúlacht agus ar chaomhnú a chomhordú d’fhoireann uile na comhairle contae.

Caitheadh iomlán de €123,500 ar an bPlean Oidhreachta agus tionscadail oidhreachta eile a chur i bhfeidhm sa bhliain 2005. Fuarthas €77,55 ón gComhairle Oidhreachta agus €11,000 o chomhpháirtithe eile an Phlean Oidhreachta, lena n-áirítear Ionad Oideachais Chill Dara, Suirbhéireacht Geolaíochta na hÉireann, KELT agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Tá an tOifigeach Oidhreachta fós ag cur comhairle leanúnach ar fáil d’fhoireann an údaráis áitiúil agus don phobal maidir le gnéithe uile na hoidhreachta.

Déan Teagmháil leis an tSeribhís Oidhreachta

Áras Chill Dara, Páirc Devoy, An Nás, Co. Chill Dara
Teil.: 045-980200 Faics.: 045-980834
Gréasán: www.kildare.ie/countycouncil

Cabhair Nuair a Theastaíonn Sí

Le roinnt blianta anuas, tá ról an Chosanta Sibhialta dírithe beagnach go huile agus go hiomlán ar ghníomhaíocht in aimsir shíochana, ach fós is obair í obair na seirbhíse deonaí seo a mbaineann fiúntas léi agus tríd sin, léirítear an méid suntasach a chuirtear le saol an phobail.

Tá an leathchéad nó mar sin saorálaí cosanta sibhialta atá sa chontae oilte i múchadh dóiteán, tarrtháil, monatóireacht leasa, maorachta agus raidiachta, garchabhair, cuardach agus tarrtháil agus cumarsáid. Tá oiliúint mar chuid mhór dá saol agus bíonn oiliúint ar siúl ar bhonn seachtainiúil. Reáchtáladh seisiúin oiliúna i mBaile Átha Í, an Nás agus i gCairbre i rith na bliana.

Iarradh ar Chosaint Shibhialta Chill Dara cabhrú le duine a bhí ar iarraidh i gCeatharlach a chuardach Lá Caille. Chuidigh siad freisin le rialú tráchta nuair a tharla dóiteán ag an Red House Hotel. Chuidigh Cosaint Shibhialta Chill Dara le himeacht na Long Arda i gCathair Phort Láirge.

Thug Cosaint Shibhialta Chill Dara a dtacaíocht mar is gnáth d'imeachtaí pobail i rith na bliana mar:

- Paráidí Lá Fhéile Pádraig
- Paráidí na Cásca
- Seó Capall Choláiste an Droichid Nua
- Turnaimint Peile Ballyteague
- Comórtas Bliantúil Bhaint Mhóna in Ticknevin
- Turnaimint Ghailf Irish Open Nissan
- Féile Uisce Bhaile Átha Í
- Féile Rásaíochta Bhaile Fuinse
- Dearbaí Budweiser na hÉireann agus imeachtaí rásaíochta eile

Bhí Cosaint Shibhialta Chill Dara san iomaíocht freisin i gcleachtadh náisiúnta a reáchtáladh i gCathair Phort Láirge agus bhí an bua acu sa Chleachtadh Tógála Foirne. Ina theannta sin, bhí siad rannpháirteach i roinnt cleachtaí eile agus in oiliúint i gcomhar le contaetha eile i rith na bliana.

Ba mhaith linn, thar ceann an phobail i gcoitinne, ár mbuíochas a chur in iúl do na daoine i gCosaint Shibhialta a thugann suas iad féin agus a n-am chun cuidiú le daoine eile.

Déan Teagmháil le Cosaint Shibhialta

An Stáisiún Dóiteáin Lárnach, An Droichead Nua, Co. Chill Dara
Teil.: 045-431370 Faics.: 045- 432530
Ríomhphost: pmcneela @kildarecoco.ie
Gréasán: www.kildare.ie/countycouncil
www.civildefence.ie

Gníomhaíochtaí ICT

Príomhthionscadail

Bhí na nithe seo a leanas ar na príomhthionscadail a ndeachaigh an Roinn ICT ina mbun i rith na bliana 2005:

- Comhchomhairle agus pleanáil maidir le cáblaí agus crua earraí líonra agus cumarsáide a shuiteáil in ár n-oifigí nua in Áras Chill Dara.
- Naisc Cumarsáide ó oifigí ceantair go dtí an Ceanncheathrú a uasghrádú mar éascaíocht ar chumarsáid a bhogadh chuig Áras Chill Dara.
- Pleanáil agus ullmhúchán do threalamh gníomhach/freastalaithe a bhogadh chuig Áras Chill Dara.

Tionscadail Eile ar Fiú Aird a Thabhairt Orthu

- Naoi bhfreastalaí a choimisiúnú, a thógáil agus a cheannach d'fhreastalaí SoftColan do chóras bainistithe doiciméad
- NAS (Stóras a Ghabhann le Líonra)
- Córas Leabharlainne Horizon
- WEBGIS
- IONLÍON
- 2 fhreastalaí nua le haghaidh Agresso (freastalaí feidhmchláir amháin agus freastalaí bunachair shonraí amháin)
- Freastalaí líonra nua do Cheanncheathrú na Seirbhíse Dóiteáin

Slándáil Líonra:

- IDS (Córas Aimsithe Ionróirí) a chur i bhfeidhm ar an mballa dóiteáin corparáideach
- Freastalaí frithvíreas a thógáil agus a uasghrádú agus bogearraí nua a chur air.

Tuairisc 2005 Chomhairle Chontae Chill Dara ar Dhul Chun Cinn GIS

Rinneadh Brabhsálaí Corparáideach MapGuide Chomhairle Chontae Chill Dara a ar an ionlíon. Leis an gcóras sin, tá teacht ag an bhfoireann ar an léarscáiliú Shuirbhéireacht Ordnáis ar fad atá ar fáil comh maith le tacair sonraí ábharhtha tríú páirtí do chríocha ceisteanna agus eolais.

Tá ag éirí le Roinn Pleanála Chomhairle Chontae Chill Dara an clár nua Digiteach GIS a úsáid chun gach iarratas pleanála a ghabháil.

Forbraíodh córas nua Fiosrúchán Pleanála agus leathadh amach é don fhoireann phleanála ar an ionlíon. Leis an gcóras seo, féadfaidh siad iarratais phleanála dhigiteacha a fheiceáil i dtimpeallacht bhrabhsálaí. Bhí siad in ann tacair shonraí

ábhartha eile a fheiceáil chomh maith leis an gcóras sin chun cuidiú leo cinneadh pleanála foriomlán a dhéanamh.

Forbraíodh an leagan poiblí den chóras Pleanála GIS tuilleadh. Leis sin, beidh an pobal in ann radharc léarscáile de gach láithreán d'iarratais phleanála a fheiceáil ar líne.

Chuathas i mbun mórthionscadail i Roinn na mBóithre sa bhliain 2005. Bhí an tionscadal sin comhdhéanta de líonra na mbóithre i gCill Dara faoi láthair a uasghrádú go hiomlán i gcomhar leis an sceideal bóithre reatha.

An Líonra a Bhainistiú agus a Chothabháil

Déantar gach freastalaí cúltacaithe (12 faoi láthair) a sheiceáil go laethúil. Déantar aschuir tástála go randamach gach seachtain lena chinntiú go dtéann sonraí ar téip. Seiceáiltear bogearraí frithvíreas ar gach freastalaí agus nuashonraítear iad más gá.

Déileáladh le breis agus 7,600 glao chuig an deasc tacaíochta i rith na bliana 2005.

Tógadh agus coimisiúnaíodh freastalaí SUS (Seirbhísí Nuashonraithe Bogearraí) chun nuashonruithe slándála a chur amach chuig stáisiúin oibre.

Ceannaíodh agus tógadh agus scaipeadh 117 PC agus 21 ríomhaire glúine ar úsáideoirí i rith na bliana 2005. Rinneadh sean PCanna a atógáil agus a thabhairt d'úsáideoirí eile. Glanadh, atógadh agus bronnadh PCanna a bhí faoi chaighdeán ar scoileanna agus ar charthanachtaí, tógadh cinn eile ó chéile agus coinníodh na páirteanna le hathúsáid. Cuireadh aon trealamh nach bhféadfaí a úsáid chuig saoráid athchúrsála Silliot Hill lena indiúscairt i gceart.

Foireann Forbartha Gréasáin

Táimid fíorbhródúil gur bhuaigh ár bhFoireann Forbartha Gréasáin duais don Láithreán Gréasáin is fearr sna Irish eGovernment Awards 2005.

Bhí inrochtaineacht ar cheann de na réimsí tosaíochta don bhliain 2005. Bhí Comhairle Chontae Chill Dara rannpháirteach i dtionscadal píolótach do Chóiríocht Réasúnach in éineacht le Comhairle Chontae an Chábháin i gcomhar leis an Údarás Comhionannais. Aithníodh tionscadail éagsúla laistigh de gach Roinn. Ba é inrochtaineacht an láithreáin gréasáin an tionscadal a ndeachaigh an Rannóg IT ina bhun. Chuaigh Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill i mbun iniúchta úsáideoirí ar an gComhairle. Baineann tábhacht mhór le hinrochtaineacht ár gcóras ríomhaireachta in aighneacht na Roinne IT don Phlean DARA (Dearbhú Barcelona). Beimid rannpháirteach freisin sna Excellence Through Accessibility Awards sa bhliain atá amach romhainn.

Leanadh ar aghaidh sa bhliain 2005 le modúil den chóras HR a leathadh amach le Modúil na bhFeidhmeanna Cineachta agus na hOiliúna. Beidh gá le tuilleadh feabhais a dhéanamh ar Mhodúl na hOiliúna. Tá struchtúr na fóirne, earcú agus saoire curtha i gcrích go dtí seo.

Oiliúint Foirne

- Chuir triúr comhaltaí foirne IT na 4 mhódúl MCSA i gcrích.
- Chuir beirt chomhaltaí foirne an 2 mhodúl deiridh CNE i gcrích.
- Cuireadh cúrsaí oiliúna lae eile i gcrích freisin i rith na bliana.

Déan Teagmháil le ICT

Áras Chill Dara, Páirc Devoy, An Nás, Co. Chill Dara
Teil.: 045-980483
Ríomhphost: his@kildarecoco.ie

Acmhainní Daonna

Oiliúint agus Forbairt

Léiríonn an t-éileamh ar sheirbhísí a sholáthar an gá atá le foireann nua-aimseartha, sholúbtha agus iloilte agus déantar scéimeanna oiliúna a leagan amach dá réir sin, le comhoibriú agus rannpháirtíocht na foirne.

Earcú

Ba é seo a leanas foireann Chomhairle Chontae Chill Dara amhail an 31 Nollaig 2005:

An Bunfhoireann	Líon	Comhionann Lánaimsire
Bainistíocht	7	7.0
Gairmiúil/Teicniúil	143	141.0
Cléireachas/Riarachán	371	330.5
Lasmuigh	405	337.5
Sealadach	18	18.0
Bunfhoireann Iomlán	**944**	**834.0**

Foireann Eile	Líonr	Comhionann Lánaimsire
Poist ar Conradh	21	21.0
Conarthaí Maoirseachta	35	35.0
Laithreán	156	133.5
Foireann Shealadach/Shéasúrach	12	5.5
Eile	**224**	195.0

Iomláin	**1,168**	**1,029.0**

Lucht Múchta Dóiteán a Coinníodh	**67**	**33.5**

Próiseáladh iarratais ar phoist éagsúla i ndáil le 55 comórtas a reáchtáladh i rith na bliana sa Roinn. Is iad seo a leanas na hiarratais a fuarthas:

675 fear
399 bean

Mar thoradh ar na comórtais a reáchtáladh do na poist, measadh go raibh an líon seo a leanas de na hiarratasóirí incháilithe agus cuireadh ar phainéil iad:

175 fear
98 bean

Scoir na daoine seo a leanas i rith na bliana 2005 agus 482 bliain seirbhíse curtha isteach acu eadarthu:

An tUasal Andrew Kelly	Airíoch – Leabharlann an Náis
An tUasal Michael Daly	Oibrí Ginerálta
Ms Anne McNeill	Leabharlannaí Cúnta
An tUasal Patrick O'Toole	Oibrí Ginerálta
An tUasal Joseph Woods	Cúntóir Leabharlainne
An tUasal William Byrne	Oibrí Ginerálta
An tUasal Anthony Murphy	Saoiste
An tUasal Brendan Loughrey	Maoirseoir Ginearálta Seirbhísí
An tUasal Joe Maher	Oibrí Ginerálta
An tUasal Tommy Maddock	Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearch
An tUasal Patrick Kearney	Airíoch – Linn Snámha an Náis
An tUasal Richard Murphy	Airíoch – Oibreacha Uisce
An tUasal Joseph King	Oibrí Ginerálta
An tUasal Michael Rogers	Maor Campála
An tUasal Bernard Noone	Saoiste Bóithre
An tUasal Pat Cleary	Príomhtheicneoir
An tUasal Michael Delaney	Oibrí Ginerálta
An tUasal Jerome Dorgan	Cléireach Oibreacha
An tUasal Timothy Mulhall	Tiománaí

Déan Teagmháil le hAcmhainní Daonna

Áras Chill Dara, Páirc Devoy, An Nás, Co. Chill Dara
Teil.: 045-980740 Faics.: 045-980240
Ríomhphost: hr@kildarecoco.ie
Gréasán: www.kildare.ie/countycouncil

AN BEALACH A NDÉANAIMID RUDAÍ NÍ AN RUD A DHÉANAIMID

Is ionann Comhpháirtíocht ag an Obair agus an tslí chomhaontaithe chun athruithe a bhainistiú agus déantar ionadaíocht ar Bhainisteoirí, ar Cheardchumainn agus ar fhostaithe Údaráis Áitiúla Chill Dara sa Chomhpháirtíocht.

Bhí baint ag an gComhpháirtíocht ag an Obair leis na nithe seo a leanas i rith na bliana 2005:-

- Moltaí an Athbhreithnithe ar an Áit Oibre a chur i bhfeidhm
- Eolas ar PPPanna a chur ar fáil
- Clár Folláine Fostaithe
- Treoir Mhínithe don Phlean Corparáideach
- Rochtain ionlín agus ríomhphoist in Árais Bhaile Átha Í agus Timahoe
- Polasaí maidir le Neamhláithreacht a chomhaontú
- Grúpaí Oibre Áras Chill Dara/Devoy i.e.
    - Rochtain Phoiblí/Cuntair
    - Rochtain/Slándáil Foirne
    - Iompar
    - Ceaintín
    - Bainistiú Stáisiún Oibre
    - Céannacht/Cód Culaithirte Foirne
    - Bainistiú Taifead
- Polasaí maidir le Dínit ag an Obair a ghlacadh
- Athbhreithniú ar Pholasaí maidir le Dínit ag an Obair
- Clár Sláinte Corparáideach a thabhairt isteach
- Nuachtlitir Foirne a chur i dtoll a chéile
- Córas Bainsitíochta agus Forbartha Feidhmiúcháin a thabhairt isteach

Glactar buíochas leis na daoine go léir a raibh agus a bhfuil baint acu fós leis an bpróiseas.

Déan Teagmháil le Comhpháirtíocht ag an Obair

Áras Chill Dara, Páirc Devoy, An Nás, Co. Chill Dara

Mar atá ag Éirí Linn

working together

ag obair le chéile

Tugadh táscairí seirbhíse isteach ar fud na tíre d'údaráis áitiúla sa bhliain 2003 agus bhí feidhm leo go foirmiúil sa bhliain 2004. Léirítear torthaí Chomhairle Chill Dara na bliana 2005 sna táblaí thíos.

Léiríonn na táscairí conas ar éirigh leis an gcomhairle agus í i mbun a 42 feidhme. Cé go bhfuil an t-eolas seo úsáideach do shaoránaigh, do ranna rialtais agus don chomhairle í féin, ní mór cuimhniú nach mbaineann cothromaíocht leis na táscairí idir údarás áitiúil amháin agus ceann eile chun difríochtaí in acmhainní, go háirithe i ndáil le maoiniú, a chur san áireamh.

Seirbhísí Ealaíon agus Cultúir		
A&C 1	Líon na nDeontas Ealaíon a íocadh	Luach iomlán na ndeontas ealaíon a íocadh in aghaidh an 1,000 den daonra
	115	1423.75

Rannpháirtíocht agus Comhoibriú an Phobail	
CP 1	% de scoileanna áitiúla a bhfuil baint acu i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg
	62.9

Saincheisteanna Corparáideacha			
Saoire Bhreoiteachta			
C1	% laethanta oibre a cailleadh de bharr neamhláithreacht bhreoiteachta trí:	Saoire deimhnithe	Saoire neamhdheimhnithe
		4.39	0.49
Oiliúint Foirne			
C2	Caiteachas ar oiliúint agus ar fhorbairt mar % de na costais iomlána párolla		
	7.49		

Seirbhísí Comhshaoil					
Cainéil Aibhneacha					
E1	Céatadán de chainéil aibhneacha atá:	Gan truailliú	Truaillithe beagán	Réasúnta truaillithe	Truaillithe go mór
		31	35	19	15

Uisce Óil						
E2 -	Céatadán de na torthaí anailíse ar uisce óil a chomhlíonann na ceanglais reachtúla i ndáil le:		Scéimeann a poiblí	Scéimeanna príobháideacha (más cuí)		
			99.3	97.9		
An tSeirbhís Dóiteáin						
E3	An meán-am, i nóiméid, a thógann sé briogáidí dóiteáin a shlógadh i:		Stáisiúin lánaimseartha	Stáisiúin pháirtaimseartha (seirbhísí dóiteáin coimeádta)		
			N/A	5.61		
An tSeirbhís Dóiteáin						
E4	Céatadán den fhreastal ar an láthair nuair a bhíonn:		An chéad freastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad	An chéad freastal ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	An chéad freastal ar an láthair tar éis 20 nóiméad	
			32.93	55.52	11.55	
Dearbhuithe Sábháilteachta Dóiteáin – Cosc Dóiteáin						
E5	Líon iomlán na n- iarratas ar dhearbhú sábháilteachta dóiteáin a fuarthas		Líon iomlán na n-iarratas ar dhearbhú sábháilteachta dóiteáin a próiseáladh			
	443		442			
Dramhaíl Deighilte Tí						
E6	An céatadán de líonta tí ar cuireadh bailiú dramhaíola deighilte ar fáil dóibh					
	95					
Dramhaíl tí bailithe a chuirtear ar aghaidh i gcomhair athchúrsála:						
E7	Tonnáiste 9571					
	% de dhramhaíl tí a bailíodh 22.5					
Dramhaíl tí bhailithe a chuirtear chuig líonadh talún:						
E8	Tonnáiste 32342					
	% de dhramhaíl tí a bailíodh 77.5					
Saoráidí Athchúrsála						
E9	An líon iomlán saoráidí: Gloine	Cannaí	Teicstílí	Ceallraí	Olaí	Eile
	39	37	12	127	2	2
Saoráidí Athchúrsála						
E9	Líon iomlán na suíomh in aghaidh an	Cannaí	Teicstílí	Ceallraí	Olaí	Eile

	5000 den daonra: Gloine					
	1.18	1.12	0.36	3.84	0.06	0.06
Saoráidí Athchúrsála						
E9	Tonnáiste de dhramhaíl a bailíodh i gcomhair athchúrsála in aghaidh an 5000 den daonra: Gloine	Cannaí	Teicstílí	Ceallraí	Olaí	Eile
	75.03	1.45	0.53	0.71	0.17	46.73
	Líon na láithreán tabhartha: Gloine 37	Cannaí 35	Teicstílí 10	Ceallraí 125	Olaí 0	Eile 0
E9	Líon na láithreán áiseanna cathartha Gloine	Cannaí	Teicstílí	Ceallraí	Olaí	Eile
	2	2	2	2	2	2
Maoir Bruscair						
E10	Líon iomlán na maor bruscair:	Lánaimseartha	Páirtaimseartha	Líon na maor bruscair (idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha) in aghaidh an 5000 daonra		
		3	6	0.273		
Ionchúisimh Bruscair						
E10	An líon fíneálacha ar an láthair	An líon cásanna ionchúisimh a glacadh mar gheall nár íocadh fíneálacha ar an láthair	An líon ionchúiseamh a áirithíodh			
	1238	90	44			

Truailliú Bruscair						
E10	Céatadán de cheantair laistigh den údárás áitiúil atá:	Gan truailliú (saor ó bhruscair)	Beagán truaillithe (ag bruscar)	Réasúnta truaillithe (ag bruscar)	Truaillithe go mór (ag bruscar)	Truaillithe go mór (ag bruscar)
		78.3	10.9	5.7	5.1	0

Gearáin Chomhshaoil & Forfheidhmiú				
E11	Gearáin Chomhshaoil agus Forfheidhmiú:	Líon iomlán na gcásanna gearáin maidir le truailliú comhshaoil (a bhain le dramhaíl, bruscar, truailliú uisce, truailliú	Líon na ngearán a fiosraíodh	An líon nósanna imeachta forfheidhmithe a glacadh

		torainn, truailliú aeir)		
		1,437	1,146	256

Feachtais Chomhshaoil Scoileanna			
E11	Céatadán de Scoileanna a bhíonn rannpháirteach i bhfeachtais chomhshaoil:	Bunscoileanna	Meánscoileanna
		60	59

Tithíocht						
Folúntais Tithíochta						
H1	An líon Iomlán áiteanna cónaithe atá i stoc údaráis áitiúil	% foriomlán na n-áiteanna cónaithe a ligtear	% foriomlán na n-áiteanna cónaithe atá folamh	% foriomlán na n-áiteanna cónaithe folmha atá faoi réir ag mórscéimeanna athchóirithe	% na n-áiteanna cónaithe folmha nach bhfuil ar fáil le ligean	% n-áiteanna cónaithe folmha atá ar fáil le ligean
2005	2,761	98.11	1.89	0.036	59.6	40.4
H2	» An meán-am a thógann sé áiteanna cónaithe a bhíonn ar fáil le ligean a ligean (i seachtainí)					
	1.98					
H3	An líon deisiúchán a cuireadh i gcrích mar % de líon na n-iarratas bailí ar dheisiúcháin a fuarthas					
	89					
H4	An meán-am a thógann sé a chur in iúl d'iarratasóirí cén cinneadh a bhíonn tógtha ag an údarás áitiúil maidir le hiarratais ar:	Scéim tithíochta Úinéireacht Roinnte (i laethanta)	iarratas ar scéim iasachtaí tithíochta (i laethanta)	tithíocht an údaráis tithíochta (i laethanta)		
		3.5	4	13.25		
H5	Cóiríocht don Lucht Siúil – Líon iomlán de theaghlaigh lucht siúil ar tugadh cóiríocht dóibh mar % de na spriocanna atá leagtha amach sa chlár áitiúil um chóiríocht don lucht siúil.					
	100					

Seirbhísí Leabharlainne
Uaire Oscailte Poiblí

L 1	An meánlíon uaire oscailte in aghaidh na seachtaine do leabharlanna lánaimseartha	An meánlíon uaire oscailte in aghaidh na seachtaine do leabharlanna lánaimseartha
	33.7	14.6
Comhaltaí		
L 2	Líon na gcomhaltaí leabharlainne cláraithe mar % den daonra áitiúil	
	17.62	

Ítimí a eisíodh			
L 3	Líon na n-itimí eisithe in aghaidh an duine den daonra (sa chontae/sa chathair) do:	Leabhair	Itimí eile
		2.4	0.16
Rochtain Idirlín			
L 4	% de leabharlanna a chuireann rochtain Idirlín ar fáil don phobal		
	100		
L 5	An líon seisiún idirlín a chuirtear ar fáil in aghaidh an 1,000 den daonra ar a ndéantar freastal		
	154.8		

Mótarcháin								
M1	Líon agus % na n-idirbheart mótarchánach a ndéileáiltear leo:	thar an gcuntar	tríd an bpost	an líon a ndéileáltar leo ar shlite eile (m.sh. ar líne nó ar an bhfón)				
		Uimh. 116937 %69.3	Uimh. 51979 %30.7	44044				
M2A	Líon na n-iarratas poist a ndéileáiltear leo (i.e. diosca / ceadúnas tiomána eisithe) ón iarratas a fháil:	an lá céanna	an tríú lá nó roimhe	an cúigiú lá nó roimhe	breis agus cúig lá ina dhiaidh sin			
		4,230	19,790	13,942	14,017			
M2B	% foriomlán na n-iarratas poist a ndéileáiltear leo (i.e. diosca / ceadúnas tiomána eisithe) ón iarratas a fháil:	An lá céanna ... 8.10	An tríú lá nó roimhe	An cúigiú lá nó roimhe 26.90	Breis agus cúig lá ina dhiaidh sin 27.00			
M3	Uaire oscailte poiblí – an meánlíon uaire oscailte in aghaidh na seachtaine							

	26.87

Pleanáil agus Rialú Foirgníochta

Iarratais Phleanála					
P1 A	Líon na n-iarratas a cinneadh:	Tithe Aonair	Forbairt Tithíochta	Eile nár éiligh Measúnú Tionchair Timpeallachta	Eile a d'éiligh Measúnú Tionchair Timpeallachta
		1,014	182	1,260	9

Iarratais Phleanála					
P1B:	Líon na gcinntí a cinneadh laistigh de 8 seachtaine	Tithe Aonair	Forbairt Tithíochta	Eile nár éiligh Measúnú Tionchair Timpeallachta	Eile a d'éiligh Measúnú Tionchair Timpeallachta
		349	63	679	2
	«Líon na gcinntí ar éilíodh tuilleadh eolais a chur isteach ina leith	652	114	571	5
	Líon na gcinntí ar comhaontaigh an t-iarratasóir síneadh ama ina leith, faoi alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	13	5	10	4
P1 C	An meánachar ama a thógann sé (i laethanta) iarratas a chinneadh nuair a lorgaítear tuilleadh eolais (laethanta):	Tithe Aonair	Forbairt Tithíochta	Eile nár éiligh Measúnú Tionchair Timpeallachta	Eile a d'éiligh Measúnú Tionchair Timpeallachta
		66.05	81.66	67.46	299.28
Iarratais Phleanála					
P1 D	% de Dheonuithe	Tithe Aonair	Forbairt Tithíochta	Eile nár éiligh Measúnú Tionchair Timpeallachta	Eile a d'éiligh Measúnú Tionchair Timpeallachta
		63.51	67.03	92.46	100
Iarratais Phleanála					
P1 E	% Diúltuithe	Tithe Aonair	Forbairt Tithíochta	Eile nár éiligh Measúnú Tionchair Timpeallachta	Eile a d'éiligh Measúnú Tionchair Timpeallachta
		36.49	32.97	7.54	0

Iarratais Phleanála					
P1F	% cásanna inar dheimhnigh An Bord Pleanála an cinneadh le héagsúlachtaí nó gan éagsúlachtaí	Tithe Aonair	Forbairt Tithíochta	Eile nár éiligh Measúnú Tionchair Timpeallachta	Eile a d'éiligh Measúnú Tionchair Timpeallachta
		46.81	83.87	65	75
P1G	% cásanna inar fhreaschuir An Bord Pleanála an cinneadh	Tithe Aonair	Forbairt Tithíochta	Eile nár éiligh Measúnú Tionchair Timpeallachta	Eile a d'éiligh Measúnú Tionchair Timpeallachta
		53.19	16.13	35	25

Forfheidhmiú					
P2 A	An líon iomlán cásanna a bhí faoi réir ag gearáin a fiosraíodh	An líon iomlán cásanna a bhí faoi réir ag gearáin a díbheadh	An líon nósanna imeachta forfheidhmithe a glacadh trí litreacha rabhaidh	An líon nósanna imeachta forfheidhmithe a glacadh trí fhógraí forfheidhmithe	An líon ionchúiseamh
	464	59	176	162	46
P2 B	An líon iomlán cásanna a bhí faoi réir ag gearáin a réitíodh trí chaibidlíocht:	70			
Uaire Oscailte Pleanála					
P3	Uaire oscailte poiblí – An meánlíon uaire oscailte in aghaidh na seachtaine				
	35.5				
Comhairleacháin Phleanála					
P4A	Comhairleachán Réamhphleanála – Líon na gcruinnithe comhairleacháin réamhphleanála a tionóladh				
	494				
P4B	An meánachar ama (i laethanta) ó chomhairleachán le phleanálaí údaráis áitiúil a iarraidh go dtí an cruinniú foirmiúil iarbhír do chomhairleachán pleanála	14			
Pleanáil – Foirgnimh a ndearnadh cigireacht orthu					
P5	Foirgnimh a ndearnadh cigireacht orthu mar % de na foirgnimh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil				
2005	36				

Seirbhísí Áineasa
Áiteanna Súgartha

Rec 1	An líon áiteanna súgartha do leanaí in aghaidh an 1,000 den daonra:	arna soláthar go díreach ag an údarás áitiúil	arna n-éascú ag an údarás áitiúil
		0.078	0
Linnte Snámha			
Rec 1	An líon cuairteoirí chuig saoráidí snámha atá éascaithe ag an údarás áitiúil in aghaidh an 1,000 den daonra		
	1325.00		

Ioncam				
Cíos Títhíochta				
Rev 1	An méid a bhí bailithe ag deireadh na bliana mar chéatadán den méid a bhí dlite	% de riaráistí atá ann le 4-6 seachtaine	% de riaráistí atá ann le 6-12 seachtaine	% de riaráistí atá ann le breis agus 12 seachtaine
	80.0443525	N/A	N/A	N/A
Iasachtaí Tithíochta				
Rev 2	An méid a bhí bailithe ag deireadh na bliana mar % den méid a bhí dlite	Céatadán de riaráistí atá ann le mí amháin	Céatadán de riaráistí atá ann le 2-3 mhí	Céatadán de riaráistí atá ann le breis agus 3 mhí
	75	N/A	N/A	N/A
Rátaí Tráchtála				
Rev 3	An méid a bhí bailithe ag deireadh na bliana mar % den méid a bhí dlite			
	96.254022			
Muirir Bhruscair				
Rev 4	% de na líonta tí a bhí ag íoc muirir bhruscair ag deireadh na bliana			
	82			
Muirir Uisce Tráchtála				
Rev 5	An méid a bhí bailithe ag deireadh na bliana mar % den méid a bhí dlite			
	67.4294184			

Bóithre		
Cóiriú Dromchla		
R 1	Dromchla na mbóithre Áitiúla agus Réigiúnacha a chóirítear in aghaidh na bliana (méadair chearnacha)	% de dhromchla na mbóithre áitiúla agus réigiúnacha a chóirítear in aghaidh na bliana
	492,718	4.9

Déan Teagmháil le Tácairí Seirbhíse

Áras Chill Dara, Páirc Devoy, An Nás, Co. Chill Dara
Teil.: 045-980206 Faic.: 045-980240
Ríomhphost: secretar@kildarecoco.ie

RÁITEAS AIRGEADAIS
An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005
(agus figiúirí comparáideacha chuntais ioncaim blianta roimhe seo)

CUNTAS IONCAIM

Caiteachas	**2005**	2004	2003	2002
	€	€	€	€
Tithíocht agus Tógáil	11,010,208	10,561,203	9,899,000	11,388,496
Iompar agus Sábháilteacht Bóithre	28,729,485	27,040,674	25,628,143	24,534,061
Soláthar Uisce agus Séarachas	20,287,330	18,566,100	16,817,531	15,927,627
Dreasachtaí agus Rialuithe Forbartha	8,487,784	6,652,269	5,767,707	5,923,998
Cosaint Comhshaoil	21,551,123	22,002,349	20,490,204	15,847,651
Áineas agus Taithneamhacht	5,915,448	5,388,983	5,234,176	4,436,312
Talmhaíocht agus Oideachas	7,929,656	7,545,794	5,228,056	4,733,420
Seirbhísí Ilghnéitheacha	4,586,004	4,573,989	3,181,383	4,012,552
Iomlán	**108,497,038**	**102,331,361**	**92,246,200**	**86,804,117**

Fáltais (Deontais**, Earraí agus Seirbhísí)**			€	€
Tithíocht agus Tógáil	8,362,082	7,723,347	7,226,676	8,498,718
Iompar agus Sábháilteacht Bóithre	15,271,320	14,381,707	12,332,104	12,026,182
Soláthar Uisce agus Séarachas	10,139,021	7,221,682	5,410,853	4,428,480
Dreasachtaí agus Rialuithe Forbartha	4,973,147	3,234,085	3,267,739	2,720,295
Cosaint Comhshaoil	12,970,714	16,352,495	15,038,347	8,600,267
Áineas agus Taithneamhacht	1,206,245	941,898	922,059	737,244
Talmhaíocht agus Oideachas	6,525,808	6,131,872	4,070,823	3,521,665
Seirbhísí Ilghnéitheacha	2,642,528	2,538,479	1,215,562	2,821,744
Fo-Iomlán	**62,090,865**	**58,525,565**	**49,484,163**	**43,354,595**
Cuntais Údaráis Uirbigh	2,642,069	2,351,310	1,766,638	2,568,890
Ciste Rialtais Áitiúil	20,498,065	18,245,273	15,355,528	15,899,899

Rátaí Contae	27,061,388	24,653,637	25,639,871	18,487,123
Iomlán	**112,292,387**	**103,775,785**	**92,246,200**	**80,310,507**
Aistrithe chuig/ó Cúlchistí	-1,872,170	894,107		2,732,046
Barrachas/Easnamh don bhliain	1,923,180	550,317		(9,225,654)
Iarmhéid Tosaigh	-10,786,692	-11,301,056	(9,803,981)	(578,327)
Iarmhéid Deiridh	**-8,863,513**	**-10,750,739**	**(11,301,056)**	**(9,803,981)**

INFHEISTÍOCHT CHAIPITIL		**2,004**	**2,003**	**2,002**
		€	**€**	**€**
Tithíocht agus Tógáil	53,027,205	24,562,239	35,880,000	50,418,174
Iompar agus Sábháilteacht Bóithre	139,873,557	128,152,824	115,264,000	108,036,039
Soláthar Uisce agus Séarachas	38,082,802	16,748,146	26,770,000	10,962,436
Dreasachtaí agus Rialuithe Forbartha	1,158,651	1,426,861	383,000	219,521
Cosaint Comhshaoil	2,477,369	2,270,783	2,063,000	1,755,675
Áineas agus Taithneamhacht	1,640,006	1,067,127	2,059,000	1,523,356
Talmhaíocht agus Oideachas	99,352	151,340		
Seirbhísí Ilghnéitheacha	29,283,671	17,556,468	7,897,000	6,551,798
Iomlán	**265,642,613**	**191,935,788**	**190,316,000**	**179,466,999**

Comhdhálacha

D'fhreastail comhairleoirí ar roinnt cruinnithe i rith na bliana 2005 agus leirítear mionsonraí na gcruinnithe sin sa tábla seo a leanas.

Comhdhalacha in Éirinn				
Téama	Ionad	Dáta	Líon Toscairí	Costas Iomlán €
Turasóireacht	Cill Mhantáin	27.01.05	2	891.07
Scileanna Meán do Chomhairleoirí	Caisleán an Bharraigh	29.01.05	3	2,142.59
An Straitéis Spáis Náisiúnta a Chur i bhFeidhm	Inis	03/04.02.05	2	1,315.26
Seirbhís Pleanála an Údaráis Áitiúil	Dún Garbhán	04/05.02.05	4	2,272.34
Freagrachtaí Fuinnimh Áitiúla – Am Athrú a Dhéanamh	Mala	10/11.02.05	1	758.79
Seimineár Earraigh AMAI 2005	Leitir Ceanainn	11/12.02.05	5	3,911.67
An Leas Eacnamaíoch agus Sóisialta a bhaineann le Forbairt Oidhreachta in mBailte na hÉireann	Lios Tuathail	17/18.02.05	3	2,542.12
Féinmharú – Cosc agus Feasacht	Droim Dhá Thiar	18/19.02.05	4	2,397.08
Turasóireacht	Ceatharlach	24/25.02.05	3	1,132.33
Bunreacht an AE	Leitir Ceanainn	25/27.02.05	4	3,514.78
Comhdháil Bhliantúil 2005	An Bóthar Buí	03/05.03.05	4	1,899.43
An Clár "Rapid" agus "A Life After Politics"	Cluain Meala	04/05.03.05	2	1,096.59
Fuinneamh Núicléach – An bhfuil todhchaí ann dó	Droichead Átha	10/11.03.05	2	1,241.72
Gach ar Baineadh Amach le 25 Bliain "Looking Back...Going Forward"	Corcaigh	31/01.04.05	5	4,082.26
Fóram Polasaí Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha na hÉireann	Baile Átha Cliath	13.04.05	2	1,481.97
An Comhpholasaí Talmhaíochta agus Tionchair d'Fhorbairtí Áitiúla – I ndiaidh 2006	Cill Chaoi	14/15.04.05	4	2,836.72
Freastal ar Dhúsláin Fhorbairt Eacnamaíoch agus Turasóireachta faoin Tuath in	Beanntraí	14/15.04.05	2	1,330.13

Éirinn				
Síocháin ar Domhan	Tiobraid Árann	15/17.04.05	5	2,726.22

→

Comhdhálacha (*ar lean)*

Screamhuisce in Éirinn	Tulach Mhór	19/20.04.05	5	2,175.38
Truailliú Aeir	Carraig Uí Leighin	21/22.04.05	4	3,297.82
An tSeirbhís Tithíochta Áitiúil	Béal an Átha Móir	22/23.04.05	5	2,747.99
Saincheisteanna Comhshaoil	Baile an Bhuinneánaigh	04/07.05.05	5	4,416.24
Nuáil: An tSlí chuig Iomaíochas Réigiúnach Amach Anseo	Tulach Mhór	05.05.05	3	938.49
Saincheisteanna Comhshaoil	Baile an Bhuinneánaigh	04/07.05.05	5	4,416.24
Nuáil: An tSlí chuig Iomaíochas Réigiúnach Amach Anseo	Tulach Mhór	05.05.05	3	938.49
An Chomhairle agus an Pobal An Dúshlán atá Romhainn	Cathair na Mart	19/20.05.05	5	3,598.47
Geilleagar an Eolais & Iomaíochas Réigiúnach: Tionchair d'Fhorbairt Réigiúnach	Cill Airne	19/20.05.05	3	1,886.05
Comhpháirtíochta Áitiúla... Trioblóid Gan Deireadh	Mala	19/21.05.05	3	2,152.87
Bealach Nua do Pholasaí Réigiúnach	Baile Átha Luain	03.06.05	3	1,150.74
Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe	Baile an Ghearlánaigh	10/11.06.05	5	2,273.99
Ríomhsheirbhísí an Rialtais a Sheachadadh go hÁitiúil	Mainistir na Corann	14/15.06.05	2	920.61
Infheistíocht trí Dhaoine, Daoine tríd Infheistíocht	Cora Droma Rúisc	16.06.05	5	2,221.04
An Acmhainn do Spórt in Éirinn an Lae Inniu	An Muileann gCearr	23/24.06.05	6	2,458.96
Cuir Chuige Nua maidir le Cúram Leanaí	Baile Átha Cliath	01.07.05	4	721.70
Talamh faighte le hOidhreacht	Bealach an Doirín	15/17.07.05	5	3,418.24
Na Teorainneacha a Shocrú	Ráth Droma	14/19.08.05	4	3,338.60
Géarchéim agus Réitigh	Béal an Átha, Cill Ala, An Leacain & Cill Chuimín	23/28.08.05	5	5,400.16
An Rialtas Áitiúil agus na hEalaíona	Leitir Ceanainn	26/27.08.05	5	3,325.71
Tithíocht Thuaithe – Ceart Tuaithe	Cill Chaoi	31/01.09.05	4	2,679.92
Seimineár Bliantúil Geimhridh AMAI	Sionainn	15/17.09.05	4	3,584.26

Tionchar Fhearais Mhúirínithe ar an gComhshaol a Bhainistiú	Ceatharlach	29.09.05	1	203.11
Ról na nÚdarás Aitiúil agus Ord Poiblí á Chur Chun Cinn	Na Clocha Liatha	30/02.10.05	5	2,569.79
Pleanáil: Uirbeach Vs Faoin Tuath	Na Cealla Beaga	05/07.10.05	2	2,044.03
Getting a Grip 2005 - "Counting the Cost"	Cill Airne	06/07.10.05	4	3,252.08
An 8ú Comhdháil Bhliantúil	Ceatharlach	07.10.05	2	692.70
Cruinniú an Mhéara	Cill Chainnigh	14.10.05	1	234.72
Seimineár Oiliúna Comhairleoirí Oideachas agus an Rialtas Áitiúil,	Cora Droma Rúisc	28/29.10.05	5	2,543.27

→

Comhdhálacha (*ar lean)*

Comhdháil ar Shábhailteacht Pobail	Dún Dealgan	10/12.11.05	5	2,623.03
Seimineár Bliantúil Geimhridh	Leitir Ceanainn	04/05.11.05	6	4,441.28
An Folús a Líonadh	Inis	08/09.11.05	3	2,048.42
Turasóireacht a Shuíomh - Caighdeán nó Praghas?	Inis Díomáin	25/26.11.05	5	3,723.01
Comhpháirtíochtaí Chun Féinmharú i measc Daoine Óga a Laghdú	Cill Chainnigh	07/09.12.05	2	1,160.95
An Rialtas Áitiúil – Buiséadl	Bun Clóidí	10.12.05	1	257.90
Comhdhálacha Lasmuigh den Stát				
Theatre of Tourism	Aontroim	28/29.01.05	4	3,417.43
Transportation of the Future	Londain	19.04.05	4	2,390.42
Putting People First	Dún Éideann	04/06.07.05	0	0.00
Scoil Samhraidh William Carlton	Tír Eoghain	01/05.08.05	5	4,155.76
Ról na mBan i Rialtas Áitiúil a Chur Chun Cinn	Béal Feirste	9/11.09.05	4	4,294.79
Twinning	An Fhrainc	30/02.10.05	2	990.79
An 10ú Comhdháil Bhliantúil	Ard Mhacha	05/07.10.05	2	1,579.94
General Assembly	Strasbourg	24/25.11.05	1	980.59
A Red Card for Waste	Vín	28/30.11.05	4	5,246.36

Déan Teagmháil le Seirbhísí Corparáideacha

Áras Chill Dara, Páirc Devoy, An Nás, Co. Chill Dara
Teil.: 045-980206 Faics.: 045-980240
Ríomhphost: secretar@kildarecoco.ie
Gréasán: www.kildare.ie/countycouncil